

**DRAÍOCHT UIMHREACHA: ANAILÍS
SHÓINSEÁLACH AR DHEILBHÍOCHT IOLRA AN
AINMFHOCAIL I GCANÚINT IORRAS AITHNEACH**

BRIAN Ó CURNÁIN

Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

1. AN ANAILÍS CHAINNÍOCHTÚIL

Tá an Nua-Ghaeilge lomlán le gnéithe roghnacha nó malartacha. Is é foras atá faoin anailís chainníochtúil ná nach iondúil gur féidir ciall a bhaint as aon sampla amháin de ghné athraíoch, ach le huimhir na samplaí a mhéadú agus a ndáileadh sin a chomhaireamh gur féidir fíorchoimpléascacht teangan a chur i suim. Sa pháipéar seo tá sé i gceist buannaí agus buntáistí na hanailíse sóinseálaí ar an anailís statach thraidisiúnta a léiriú le solaoidí ó dheilbhíocht iolra an ainmfhocail i gcanúint Iorras Aithneach agus i gcanúintí gaolmhara eile. Is chuige sin an t-imeartas focal i dteideal an pháipéir, *Draíocht Uimhreacha*, bunaithe ar an mbunmhodh simplí taighde—uimhreacha samplaí áirithe san uimhir iolra a chomhaireamh—agus ar na torthaí tábhachtacha a eascraíonn as.

Téarmaíocht

Níor mhiste gluais bheag mhínithe maidir le téarmaíocht agus comharthaíocht arbh fhéidir gan an léitheoir a bheith ina dtaitheí.

GLUAIS

φ, <i>easpa</i> , msh. φtr <i>easpa t ach r ann</i> ; φtφr <i>easpa t agus r</i> .	canúint mheasctha, <i>mixed dialect</i> ; mar a shainmhíníonn
> >, > > >, <i>níos minicí ná nó níos coitianta ná, i bhfad níos minicí ná</i> .	Trudgill í (mar shampla in Chambers agus Trudgill 1980, 134).
> >/=, <i>níos minicí ná nó chomh minic céanna le</i> ; msh. r > >/= φr <i>tá r níos minicí ná nó chomh minic céanna le easpa r</i> .	céimíocht, <i>hierarchy</i> . cointeanóid, <i>continuum</i> . comhartha, <i>token</i> . cothromú, <i>levelling</i> . cumasc, <i>merger</i> . cúltimepeallacht, <i>following environment</i> . débheannach, <i>bimodal</i> . feidhm, <i>function</i> ; sa chiall mhatamaiticiúil.
\$, \$1, \$2, <i>siolla, siolla amháin, dhá shiolla</i> .	gréasán cainteora, <i>speaker network</i> ; mar atá, mar shampla, ag na Milroys ina
, <i>teorainn mhoirféimeach, morpheme boundary</i> .	
<i>aicme focal, word class</i> .	
<i>aistriú, transfer</i> .	
<i>am cinnte, am dealraitheach, real time, apparent time</i> .	
<i>aonbheannach, unimodal</i> .	

gcuid oibre ar Bhéal Feirste (Milroy 1987).	réaladh, <i>realisation</i> .
iarsmúil, <i>relic</i> (<i>area</i> , etc.).	sínteach, <i>extension</i> , <i>combinator</i> .
idircheantar, <i>transition area</i> .	sóinseálach, <i>variable</i> .
ilsóinseálach, <i>multivariate</i> .	srathú aoise, <i>age stratification</i> .
malartach, <i>variant</i> .	teacht i gcóngar, <i>approximation</i> .
n, number, réaladh teagmhasach.	teagmhasach, <i>facultative</i> .
	tromú, <i>weighting</i> .

Tugaim anseo sampla fóineolaíoch as canúint Iorras Aithneach ar mhaithe le soiléiriú ar nósmaireacht an chuir síos. Is féidir a rá gur sóinseálach fóineolaíochta (scríofa idir lúibíní cruinne) atá i réaladh nó easpa réalta srónaíl fhóinéimeach agus go bhfuil dhá mhalartach aige, (scríofa idir lúibíní uilleacha):

$(\tilde{v}) \rightarrow \langle \tilde{V} \rangle \langle V \rangle$
 (sóinseálach) $\rightarrow \langle \text{malartach}_1 \rangle \langle \text{malartach}_2 \rangle$
 msh. *cnoc* \rightarrow **krūk, kruk**; *máthair* \rightarrow **mã:hər', ma:hər'**

Is léir gur aicme focal ar leith atá sna focail a bhfuil an sóinseálach (\tilde{v}) iontu, mar atá *cnoc*, *gnaíúil*, *láimh*, *máthair*, *ar ais* srl. Aon chomhartha den sóinseálach seo ní mór é a rangú faoi cheann den dá mhalartach. Is léir go bhfuil cumasc i gceist leis na gutaí neamhshrónacha, /V/, i gceann de na malartaigh, an malartach neamhshrónach $\langle V \rangle$. Le húsáid cainteoirí a scrúdú feictear go bhfuil cainteoirí a bhfuil ceann den dá mhalartach 100%, nó gar dó, acu; úsáid chatagóireach. Feictear ag cuid mhaith díobh, nach bhfuil aon mhalartach 100% den am acu, tá úsáid theagmhasach acu. Tá cainteoirí ann a bhfuil claonadh acu ceann den dá mhalartach a úsáid níos mó ná a chéile, is é sin go bhfuil tromú éagsúil ag cainteoirí maidir lena bpríomh-mhalartach. Is féidir na cainteoirí a ghrúpáil de réir a n-úsáide maidir leis na malartaigh seo, agus tá gaol idir réalaíocha na gcainteoirí agus grúpaí nó gréasáin shóisialta (ar nós an teaghlach ar díobh iad, an ciorcal cairde ar díobh iad agus mar sin de). Sa deireadh feictear go bhfuil $\langle V \rangle$ níos minicí ag an dream óg, is é sin go bhfuil comhchoibhneas ann maidir le haois cainteora agus (\tilde{V}), .i. srathú aoise. Tá difríochtaí réimse nó/agus stíle ag cainteoirí maidir le réaladh (\tilde{V}) freisin.

Athrú agus malartaíocht teangan

Is léir ó sheascadaí an chéid seo i leith gur deis chumhactach í an anailís chainníochtúil agus shóinseálach le teacht ar thuiscint níos mine ar ghnéithe iomadúla athrú agus malartaíocht teangan. Aimsítear i dtosach cé na gnéithe malartacha nó athraíocha atá sa teanga, is é sin le rá na sóinseálaigh, agus cé na réalaíocha, nó na malartaigh atá acu, agus fiosraítear ballraíocht leicseach na haicme focal a dtoilleann aon sóinseálach ar leith inti. Scrúdaítear dáileadh na sóinseálach agus na malartach éagsúil maidir le coinníollú teangeolaíochtúil agus sochtheangeolaíochtúil. Sé Labov (1994) an té is mó le rá agus is mó aithne sa

‘teangeolaíocht shocheolaíochtúil’ seo, agus tá obair shuntasach déanta i Sasana ag leithéidí Thrudgill (1974) agus in Éirinn go háirithe ag an dá Mhilroy ar Bhéarla Bhéil Feirste (1985).

Tá glac bheag den obair chainníochtúil foilsithe ar an nGaeilge: i leabhar Arndt Wigger (1970), *Nominalformen im Conamara-irischen*, tá plé tábhachtach ar chéatadáin úsáide rialacha deilbhíochta maidir le foirmeacha iolra, agus le cur i bhfeidhm an ghinidigh; tá anailís bhreá in alt Chathair Uí Dhochartaigh (1982) ‘Generational differences in Donegal Irish’, ar srathú aoise an bhunchúis is mó maidir le coinníollú sóinseálaigh fhoghraíochta i Rann na Feirste;¹ in alt Dhiarmaid Uí Shé (1991) ‘Prosodic change in Manx and lexical diffusion’ déantar argóint ar son dáileadh na béime sa Mhanainnis a mhíniú ar bhonn dhá straitéis bhéime a spréigh tríd an bhfoclóir. Sa Gháidhlig tá plé ag Dorian (1994) in alt dar teideal ‘Varieties of variation in a very small place’ ar mhalartaíocht thíreolaíochtúil, shóisialta, stíle agus, ar chatagóir bhreise a mholann sí féin, malartaíocht phátrún indibhidiúil (freisin Dorian, 1996). Tá plé cainníochtúil ag Wendy Lewis (1984) bunaithe ar théacsanna Meán-Ghaeilge ar ‘The loss of reduplication in Middle Irish’. Is í leabhar Uí Dhochartaigh (1987) ar chanúintí Chúige Uladh an sampla is fearr den chur chuige seo ar bhonn canúineolaíochtúil. Tá téiseanna cumhachtacha an leabhair seo bunaithe cuid mhaith ar tháblaí uimhreacha san aguisín. Is dóigh gurb iad na táblaí is suntasaí in Éirinn ná na ceithre leathanach d’aguisín in Milroy (1987). Tá aitheantas domhanda fáite ag an obair sin mar go bhfuil cruthú ann ar dhifreáil mhion idir gréasáin éagsúla cainteoirí. Is cinnte gur mhór an saibhreas a leithéid de thaighde a bheith againn do chanúintí Gaeilge bunaithe ar shóinseálaigh fhoghraíocha, fhóineolaíocha, mhoirfeolaíocha agus chomhréire. Le cur i bhfeidhm an pharaidím chainníochtúil léirítear pátrúnú coimpléascach teangeolaíochtúil agus sochtheangeolaíochtúil i gcanúint Iorras Aithneach. Is é an pátrúnú sin is ábhar don pháipéar seo agus deilbhíocht iolra an ainmfhocail ina heiseamláir.

Malartaíocht iltomhaiseach in Iorras Aithneach

Is cuid de dhlúth is d’inneach chanúint Iorras Aithneach an mhalartaíocht iltomhaiseach i ngach réimse dá córas gramadúil. Is ar éigean má tá gné thábhachtach ar bith den ghramadach a bhfuil réaladh catagóireach aici.² Tá go hard os cionn céad sóinsealach substaintiúil

¹ Is é sin an chéad mhionstaidéar den sórt ar an nGaeilge. An t-alt seo agamsa an chéad toradh substaintiúil ar mholadh Sommerfelt (Baumgarten 1974, 130), agus léiriú ar a thuisceanaí is a bhí sé, i 1941, beagnach trí scóir bliain ó shin, go mbeadh ‘persons of different social groups and age groups as object of study’. (Tá mé buíoch de Rolf Baumgarten faoin tagairt seo.)

² Idircheantar atá i gConamara go canúineolaíoch—áit a scaipeann carn iseaghluaiseanna deisceartacha/tuaisceartacha ó chéile ina n-iseaghluaiseanna faoi leith—leagan Éireannach den ‘ghaothrán’ cáiliúil ‘Réineach’ (‘der rheinische Fächer’, cf. Petyt 1980, 59–60). Is minic malartaíocht fhorleathan ina leithéid de cheantar. Is cosúil go bhfuil canúintí (lárnacha nó iarsmúla) sa Ghaeilge nach bhfuil chomh malartach le Gaeilge

ann. San fhoghraíocht tá srónaíl, coguasacht, carballacht, cúrsaí sandhi, h deiridh srl ar fad malartaíoch. Sa bhriarthar, tá foirmeacha táite dá gcailleadh nó cailte, foirmeacha scartha ag teacht isteach, forainm nua dá chruthú, an modh foshuiteach dá chailleadh, foirmeacha nua láithreach dá gcruthú, na réimnithe dá n-athrú, agus an saorbhriathar dá athrú. Go sochtheangeolaíochtúil tá buanú agus cailleadh teangan ar bun, srathú suntasach aoise, difreáil áitiúil agus ghréasán, athruithe móra i gcúrsaí stíle agus réime. Tá athrú ó bhonn ag teacht idir sochtheangeolaíocht an dream is sine agus an dream is óige.³

Ní miste cupla focal a rá i dtaobh an díorthaithe a déantar ar fhoirmeacha iolra anseo. (Is díorthú dromchlach praiticiúil é, ar mhaithe la hanailís chainníochtúil na n-eilimintí éagsúla a léiriú ar bhonn sofheicthe, seachas sainmhíniú teoriciúil. B'fhéidir agus b'fhiú an foirmliú teoriciúil sin a dhéanamh agus a tháthú leis an anailís chainníochtúil.) Anailísítear foirmeacha iolra ina ndá fho-roinn: deirí iolra neamhspleácha, agus eilimintí spleácha a dtugtar síntigh orthu.⁴ Is féidir na heilimintí éagsúla seo a chomcheangailt agus a athchomhcheangailt. Mar shampla, díorthaítear:

cult(r)acha(i) ← fréamh *cul-* + sínteach *t* (+ sínteach *r*) + deireadh *acha(i)*;
bróga(i) ← fréamh *bróig* + sínteach 'leathnú' + deireadh *a(i)*;
ingneóchaí ← fréamh *iong-* + deireadh 'caolú' + sínteach *n* + sínteach *V*: + deireadh *acha(i)*;
laonta(i) ← fréamh *lao* + deireadh *anna(i)* + sínteach *t* (iontáite sa deireadh).

Iniúchfar ceithre shóinseálach iolra:

1. (r) → <r> <ϕ>
msh. *cultrachaí* ~ *cultachaí*, *leaprachaí* ~ *leapachaí*.
2. (V) → <ə> <i:>
msh. *bróga* ~ *brógai*, *scéalta* ~ *scéaltaí*.
3. (VxV) → <Vxə> <Vxi:>
msh. *cultracha* ~ *cultrachaí*, *bainséacha* ~ *bainséachaí*.

Iorras Aithneach is Gaeilge Chonamara ach tá obair inchomparáide ag teastáil le sin a chinntiú. Cf. de Bhaldraithe, 1945, xi, áit a ndeir sé go bhfuil canúint 'homogeneous' i gCois Fharráige i gcomparáid le canúint cheantar Bhearna atá 'unhomogeneous' a fhreagraíonn do 'chanúint mheasctha' an ailt seo, féach an mapa do <u:xi:> thíos agus fonóta 25. Cf. Ó Cuív (1951, 72).

³ Theastódh foireann oibre leis na sóinseálaigh seo a rianú agus a iniúchadh d'Iorras Aithneach, agus don Ghaeltacht trí chéile. Ba mhór ab fhiú d'institiúid(i) ardleibhéal éigin an dúshlán (soch)t(h)eangeolaíochtúil seo chanúintí na Gaeilge a thabhairt a thúisce agus is féidir.

⁴ Tugtar 'consain sháite' orthu freisin (Ó Baoill 1996, 71), 'extensions' san Fhraincis. Is minic gaol ag an sínteach le deireadh infhillte, msh *ionga*, gin. u. *iongan*, iolra *ingne* srl.; cf. Wigger (1973, 67) 'stem extension'.

4. (V:xi:) → <iəxi:><u:xi:><o:xi:><a:xi:> <axi:> srl.
 msh. *ingníochai* ~ *ingniúchai* ~ *ingneóchai* ~ *ingneáchai* srl.⁵

Ní mór a bhéimniú nach bhfuil sa chur i láthair áirithe seo ach páipéar oibre nó tuairisciú taighde, níl conclúidí críochnúla deimhneacha aimsithe fós. Tá cuid mhaith de na sonraí a tugtar san alt seo bunaithe go díreach ar mo thráchtas dochtúireachta (Ó Curnáin 1996, le foilsíú amach anseo) agus ar thaighde agus obair pháirce a rinne mé ó shin. Is ansin freisin atá cur síos ar mhodheolaíocht na hoibre agus tuilleadh faisnéise faoi na cainteoirí ar fad. Go hindíreach fréamhaíonn na sonraí ó: (i) an *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* I–III, Wagner (1958–66) (LASID I–III as seo amach); (ii) Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus ábhar foilsithe béaloidis; (iii) ábhar a bailíodh i gceantar Iorras Aithneach; is ar bhonn ceistneora dírithe ar shóinseálaigh iolra a bailíodh formhór eolais an ailt.⁶ Seachnaíodh chomh fada agus ab fhéidir aon tionchar a theacht ón nGaeilge scríofa nó nua-chaighdeánach seachtrach ar fhreagraí cainteoirí mar gheall gurb í an stíl neamh-chúiseach ba mhó a bhí faoi chaibidil. Go praiticiúil iarradh ar chainteoir a bheadh ag tabhairt freagraí ‘cearta’, mar shampla iolra mínádúrtha in *-anna*, an rud nádúrtha, an rud a déarfadh sé féin sa chaint a thabhairt. Maidir le scaoileadh nod an chainteora: seasann na huimreacha do dháta breithe an chainteora (chomh cruinn agus ab fhéidir a aimsiú go dtí seo); noid a bhfuil 8 ina dtosach is sa chéad seo caite a rugadh an cainteoir, mar shampla, rugadh 869P i 1869;

⁵ Tabhair faoi deara gur fochtagóir (V:xi:) de (VxV) agus bo bhfuil coibhneas idir (V) agus eilimint dheiridh (VxV). Tuilleadh faoi seo thíos.

⁶ Tá mé fíorbhuíoch de Stiúrthóir, an tOllamh Máirtín Ó Murchú, agus de bhord Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath faoi gach tacaíocht a thabhairt dom san obair trí chéile. Tá mé buíoch de Roinn Bhéaloideas Éireann faoi chead úsáide lámhscríbhinní is taifeadta. Tá mé buíoch den Ollamh Breandán Ó Buachalla agus de Sheosamh Watson i Roinn na Nua-Ghaeilge, An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoina gcuid tacaíochta, agus go háirithe de Nicholas Williams sa roinn chéanna. Tá mé buíoch den Ollamh Máirtín Ó Murchú agus de Roibeard Ó Maolalaigh faoi leagan den alt seo a léamh agus athruithe a leasa a mholadh. Tá mé fíorbhuíoch, ar ndóigh, den méid de mhuintir Iorras Aithneach a chuidigh go flaithiúil liom, tugaim anseo ainmneacha an choda atá luaite san alt seo in éindí lena nod: Pádraig ‘ac an Iomaire (869P) agus a chlann iníon Bairbre (08B) agus Winnie (15W), agus a dheartháir sin Tomás ‘ac an Iomaire (875T) agus a chlann mhac Jó (20J), Team (22T) agus Maidhcil (25M); Colm Ó Dubháin (878C); Colm Ó Caoidheáin (894C); Seán (12S) agus Máire (16M) Chúláin agus a gclann Máirín (43M), Jaicí (52J), Baba (56B), agus (deartháir) 16M Pádraig Ó Conaola (19P); Antaine Ó Máille (16A); Beartla Ó Hoipicín (19B) agus a mhac Mícheál (60M); Mary (20MM), Peait (26PM), Céit (29C) agus Seán (36S) Ó Maoilchiaráin (roimh phósadh); Cóilín Ó Maoilchiaráin (20C), bean a dhearthára Catherine (27C) agus mac a dhearthára Pádraig (73P); Peait Mháire Veail (21Pt); Máirtín ‘ac Con Rí (27M); Máire Nic Ghiolla Bháin (27ML); Peaidí Phádraig Mhaidhc (30P); Michael Kelly (34M); Janaí Mháirtín Learaí ‘ac Dhonncha (37J); Mícheál Ó Ceannbháin (37M), a bhean Nóra (36N) agus a n-iníon Cairíona (78C); Marcas Ó Ceannbháin (44M); Pádraigin Bairéad (51P); Marcas Ó Gaora (64M); Róisín ‘ac Dhonncha (78RAI). Tá ainmneacha an dreama, a bhfuil fíricí uathu i dtáblaí thíos gan a n-ainm a bheith luaite, tá sin in Ó Curnáin (1996). Go mba fearr a bheidh siad bliain ó inniu!

uimhreacha gan 8 rompu is sa chéad seo a rugadh iad, mar shampla, rugadh 20C i 1920, rugadh 64M i 1964.⁷

2. AN SÓINSEÁLACH (r) → <r> <φ>

Sa phlé ar dháileadh an tsíntigh (r) feicfear an tábhacht a bhaineann le ballraíocht leicseach aicme sóinseálaí agus le tromú indibhidiúil a bheith ag gach cainteoir. Is in alt Hickey (1985, 150–1) is mó a bhí plé ar an sínteach (r) i ndéanamhas iolra an ainmfhocail go dtí seo. Cé go bhfuil pointí móra luaite aige tá fadhbanna tuairisciúla agus teoiriciúla lena chur chuige, ach ní acmhainn spáis dom léirmheas a thabhairt orthu sin.⁸ Tá sé i gceist anseo plé a dhéanamh ar dhá ghné a bhaineann le (r) nuair atá sí comhcheangailte le (VxV):

$\pm r$ i gcumasc leis an sínteach t, .i. <træxi:> (.i. tr) agus <tæxi:> (.i. tφr) a bheith ag malartú le chéile, msh. *léintreachaí* ~ *léinteachaí*;

$\pm r$ neamhspleách ar an sínteach t, .i. <ræxi:> (.i. φtr) agus <æxi:> (.i. φtφr) a bheith ag malartú le chéile, msh. *splanrachai* ~ *splancachai*.

Is aicme ar leith, ar ndóigh, na focail a bhfuil (r) acu. Má scrúdaítear an aicme seo do gach cainteoir go hindibhidiúil feictear nach mar a chéile gach duine maidir lena úsáid agus, do phobal ar leith, nach mar a chéile gach focal maidir lena chóimheas réalta. Is féidir, áfach, ballraíocht leicseach na haicme a shainmhíniú agus a shrathú chomh maith le haicmiú ar togradh a dhéanamh ar na cainteoirí maidir lena gclaonadh <r> nó <φ> a úsáid. Ar an mbonn sin tá trí aicme cainteoirí ann:

1. Cainteoirí a bhfuil <r> níos minicí acu ná <φ>, (bíodh <t> sínteach ann nó as);
2. Cainteoirí a bhfuil difríocht maidir le minicíocht <r> ag braith ar <t> sínteach a bheith ann nó as;
3. Cainteoirí a bhfuil <φ> níos minicí acu ná <r>, (bíodh <t> sínteach ann nó as).

Is féidir an t-aicmiú seo agus méid na gcainteoirí san aicme (as an méid atá comhairthe inár sampla go dtí seo) a chur in iúl mar atá i dTábla 1. (Is féidir an tábla a léamh mar seo: r > > / = φ r .i. tá r níos minicí nó chomh minic céanna lena heaspa; tr > > t φ r .i. tá tr níos minicí ná t gan r; ciallaíonn + go bhfuil an tréith sin fíor don aicme sin; ciallaíonn – go bhfuil a mhalairt fíor. Mar sin in Aicme 2a, mar shampla, tá r níos minicí nó chomh minic céanna le heaspa r, agus tá t lom níos minicí ná tr.)

⁷ Ar an iomlán tá tréimhse 130 bliain (idir an cainteoir is sine is na cainteoirí is óige, ó 1852 ar aghaidh) sa staidéar a rinneadh ar Ghaeilge Iorras Aithneach in Ó Curnáin (1996), féach, mar shampla, i gcontrárthacht, Dorian (1973, 436–7) a bhí teoranta do 40 bliain.


⁸ Ach féach an plé ar leathanach 198 thíos.

TÁBLA 1—Aicmí cainteoirí de réir (r).

Aicme	$r > > / = \phi r$	$tr > > t\phi r$	Méid cainteoirí
1	+	+	18
2a	+	-	11
2b	-	+	4
3	-	-	4

Is léir ón tábla thuas gur in Aicmí 1 agus 2a is mó atá cainteoirí is gur scála impleachtúil d'fhormhór chainteoirí an tsampla gluaiseacht ó Aicme 1 go hAicme 2a go hAicme 3. (Ach is iondúil nach mbíonn dhá fhoirceann úsáide cainteoirí Aicme 2 ró fhada ó chéile maidir le $r > > / = \phi r$. Is é sin le rá gur iondúil go mbíonn leibhéal úsáide r agus ϕr gan t cothrom go maith ag cainteoirí Aicme 2a agus 2b—féach go bhfuil toradh $\phi t+r$ agus $\phi t\phi r$ réasúnta cothrom sa ghraf ag Aicme 2 i gcomparáid le hAicmí 1 agus 3.) Is iad na haicmí is soiléire agus is contrártha ná Aicmí 1 agus 3. Go hachomair: Aicme 1 $(t)r > > (t)\phi r$, is aicme 'móide r ' í; Aicme 3 $(t)\phi r > > (t)r$, is aicme 'lúide r ' í. Tá réaladh uimhriúil beirt cainteoirí samplacha do na hAicmí 1, 2 agus 3 tugtha i nGraf 1 (msh. 20C in Aicme 3, 60M in Aicme 1).⁹


GRAF 1—Cainteoirí samplacha as Aicmí 1, 2, 3 bunaithe ar úsáid (r).



Ag breathnú ar an ngraf ar thaobh na láimhe deise tá pátrún beirt chainteoirí ó Aicme 1 le feiceáil. Is léir go bhfuil tromú nó claonadh láidir acu do $\langle tr \rangle$ seachas $\langle t\phi r \rangle$, agus go bhfuil tromú gan a bheith chomh láidir sin do $\langle \phi tr \rangle$ seachas $\langle \phi t\phi r \rangle$ acu. Ar thaobh na láimhe clé tá beirt chainteoirí as an aicme mhionlach, Aicme 3. Is léir gur minicí $\langle \phi \rangle$ acu bíodh $\langle t \rangle$ ann nó as. Tá tréithe measctha ag Aicme 2. Téann 2a, mar shampla, le hAicme 3 maidir le $\langle tr \rangle$ ach le hAicme 1 maidir le $\langle \phi tr \rangle$. Tá an íomhá scáthánach d'Aicme 1 i gcontrárthacht le hAicme 3 le feiceáil níos soiléire ar an gcéad ghraf eile a thaispeánann an comhchoibhneas

⁹ Na cainteoirí is contrártha ar an scála a thugaim in Aicmí 1 agus 3 go háirithe. Féach go bhfuil toradh an-bhisiúil ag 60M agus 64M ar tr , rud nach bhfuil teastaithe d'aon chainteoir níos sine ná iad, mar shampla tá na hionraí neamhchoitianta seo acu; *eala* → *a'lt̪r̪əxi*: 60M, *cliabh* → *kl' e:v't̪r̪əxi*: 64M.

GRAF 2—Cainteoirí samplacha as Aicmí 1, 2, 3 bunaithe ar úsáid chéatadánach <r>.



céatadánach idir <r> agus <tr> do na cainteoirí céanna seo. Is léir gur faide ó chéile, de réir céatadán, dhá cheann <tr>, ó 10% go 90%, ná dhá cheann <ϕ tr>, ó 20% go 60%. Is é sin le rá gur mó, a dhá oiread, an scála malartaíochta atá ag baint leis an malartach <tr> ná <ϕ tr>. Is cosúil, mar sin, gur buaine <r> neamhspleách ná <r> i gcuideachta <t> ar dhá bhealach: (i) tá 29 cainteoir as 37 an tsampla a bhfuil $r >> / = \phi r$ acu, .i. an 78% ar baill d'Aicmí 1 agus 2a iad; (ii) tá an scála malartaíochta níos lú ag r nuair atá sí neamhspleách ar an sínteach t.

Tá úsáid (r) sa dá réaladh $\pm t$ pléite go hachomair againn agus difríochtaí maidir le tromú malartach léirithe. Pléifear anois an dá shóinseálach (tr) agus (r) go neamhspleách ar a chéile maidir le ballraíocht leicseach a n-aicmí agus impleachtaí tromú cainteora ar an mballraíocht sin.

(tr)

Maidir le ballraíocht leicseach na haicme (tr) is féidir focail a rangú ar togradh i dtrí chuid:

1. Focail ina bhfuil $tr >> t\phi r$
2. Focail ina bhfuil $tr \approx t\phi r$
3. Focail ina bhfuil $t\phi r >> tr$

Liostáiltear na focail féin, le huimhir na gcomharthaí atá teastaithe sa bhunachar sonraí go dtí seo, i dTábla 2.

Sa tábla seo, i gcolún (i), is léir gur mó i bhfad na réalaiócha de *alltracha(i)*, mar shampla, a taifeadh ná de *alltachai*. I gcolún (ii) feictear go bhfuil uimhir na réalaiócha cothrom, mar shampla ag *scoltrachai* agus *scoltachai*. I gcolún (iii) feictear gur mó foirmeacha gan <r> a taifeadh sna focail seo, mar shampla is iad *trae(i)ntachai* agus *drae(i)ntachai* is coitianta.¹⁰ Mar sin tá ballraíocht agus rangú leicseach na haicme focal a bhaineann leis an sóinseálach (tr) tugtha chun solais.

¹⁰ Focail nach bhfuarthas <tr> iontu ar chor ar bith sa suirbhé seo (.i. *cráin*, *díle*, *teile*), ní mór a chruthú fós gur baill den aicme seo iad ach cuireadh san áireamh anseo iad mar gur dóigh liom, go fóill ar aon chaoi, go mbíonn réaladh <tr> acu.

TÁBLA 2—Ballraíocht agus rangú na haicme (tr).

(i)	$tr >> t\phi r$	(ii)	$tr \approx t\phi r$	(iii)	$tr << t\phi r$
<i>aill</i>	18 2	<i>baile</i>	5 8	<i>béilí</i>	1 4
<i>ál</i>	8 1	<i>caladh</i>	4 4	<i>cráin</i>	0 9
<i>cabhail</i>	2 1	<i>culaith</i>	8 12	<i>díle</i>	0 9
<i>gabháil</i>	4 1	<i>ginn</i>	15 9	<i>draein</i>	6 16
<i>gail</i>	3 1	<i>léine</i>	6 9	<i>teile</i>	0 8
<i>giall</i>	16 3	<i>líne</i>	4 4	<i>tine</i>	4 14
<i>meall</i>	27 2	<i>pian</i>	3 2	<i>tolach</i>	1 6
<i>sail</i>	8 1	<i>scoil</i>	10 9	<i>traein</i>	4 10
<i>sleán</i>	7 2	<i>slinn</i>	2 3		
<i>speal</i>	11 2	<i>tonn</i>	2 2		
<i>stail</i>	13 2	<i>tuile</i>	2 3		
<i>stól</i>	9 3				

(r)

Díreofar aird anois ar an sínteach (r) neamhpleách ar (t). Ar nós (tr) maidir le ballraíocht leicseach na haicme seo is féidir na focail a rangú ar togradh ina dtrí chuid:

1. Focail a bhfuil $r >> \phi r$
2. Focail a bhfuil $r \approx \phi r$
3. Focail a bhfuil $\phi r >> r$

Tá na focail féin, le huimhir na gcomharthaí atá teastaithe sa bhunachar sonraí go dtí seo, tugtha i dTábla 3.¹¹

I gcolún (i) is coitianta i bhfad *téadrachai* ná *téadachai*, mar shampla. Ar an lámh eile de is coitianta go mór fada *áiteachai* ná *áitrachai* (i.

TÁBLA 3—Ballraíocht agus rangú na haicme (r).

(i)	$r >> \phi r$	(ii)	$r \approx \phi r$	(iii)	$r << \phi r$
<i>fód</i>	11 1	<i>ainm</i>	4 7	<i>áit</i>	2
<i>fréamh</i>	21 4	<i>blaosc</i>	5 6	<i>ascaill</i>	1
<i>gad</i>	4 1	<i>carraig</i>	17 12	<i>cis</i>	1
<i>leac</i>	15 2	<i>craobh</i>	5 5	<i>cleite</i>	1
<i>léas</i>	11 1	<i>déas</i>	5 7	<i>coirb</i>	1 7
<i>nead</i>	20 3	<i>eiris</i>	5 6	<i>eanga</i>	1
<i>sailp</i>	12 3	<i>glaise</i>	5 3	<i>lata</i>	3
<i>sop</i>	5 0	<i>leaba</i>	4 2	<i>leide</i>	1
<i>téad</i>	21 1	<i>seas</i>	9 5	<i>leidhce</i>	1
		<i>slat</i>	11 7	<i>lota</i>	1
		<i>splanc</i>	10 11	<i>slám</i>	1
		<i>spreab</i>	9 6	<i>strioc</i>	1
		<i>stéig</i>	4 6	<i>stumpa</i>	1
		<i>pluid</i>	1 2		

¹¹ Níor comhairleadh na samplaí de ϕr i gcolún (iii), ach amháin i gcás *coirb*, mar gheall gurb é ϕr an gnáthréaladh sa bhfo-rang seo.

α:t'ræxi:), mar shampla, atá i gcolún (iii). Ar bhonn an rangaithe seo is féidir hipitéiseanna a mholadh maidir leis an déanamhas fóineolaíoch nó/agus morf-fhóineolaíoch atá fabhrach do (r) agus a spré diacrónach a thomhais. Maidir le (tr) is féidir a rá gur focail dar críoch / is mó atá san fho-aicme is fabhraí dó, colún (i) Tábla 2, agus go bhfuil guta fréamhach íseal ina bhformhór .i. -α:/al.¹² Focail den déanamhas -e(:)/i(:)n/l(ə) is mó atá i gcolún (iii). Maidir le spré (r) neamhspleách ar <t>: ag breathnú ar dhéanamhais na bhfocal atá go háirithe i gcolún (i) agus (ii) i dTábla 3 ní móide nó tá cuid mhaith fórsaí ar bun; ní minic r ag focail dar críoch -Cə (0 i gcolún (i), 2 i gcolún (ii), 7 i gcolún (iii)).

Ní nach ionadh tá coibhneas impleachtúil idir an bhallraíocht leicseach agus aicme cainteora ar an scála <φr> go <r>. Bheadh súil againn le <tφr> i bhfocail ar gnách <tr> a bheith iontu, .i. focail i gcolún (i) Tábla 2, ag cainteoir atá san aicme mhionlach a úsáideann <tφr> go minic, .i. cainteoirí in Aicme 3 i dTábla 1. Mar chomhlánu ar an téis sin bheadh súil le <tr> i bhfocail ar gnách <tφr> iontu ag cainteoir atá san aicme thromlach a úsáideann <tr> go minic, .i. Aicme 1. Léiríonn an dá thábla seo thíos gur mar sin atá. Níor mhiste a mheabhrú, ar ndóigh, gur coibhneas comhréireach seachas catagóireach atá i gceist. I dTábla 4 is léir gurb í an chomhréir is lú ná í sin atá in Aicme 3, áit a bhfuil <tφr> 'neamhghnách' ag triúr as aicme ina dtoilleán ceathrar ar fad. Is comhréir í seo a thairngíonn an ghrúpáil chainteoirí agus aicmiú focal a rinneadh. Ar an gcaoi chéanna is in Aicme 1, i dTábla 5, atá an chomhréir is lú maidir le <tr> san áit a mbeifí súil le <t> lom. Dá réir sin tá baint ag dóchúlacht réalta (tr) go leicseach le tromú cainteora maidir le (tr).¹³

TÁBLA 4—Aicme na gcainteoirí ag a bhfuil <tφr> 'neamhghnách'.

Aicme	Cainteoir	Comhréir
1	869P, 16M, 37M, 34M, 60M	5:18
2a	08B, 27ML, 29C, 43M, 56B	5:11
2b	21Pt	1:3
3	16A, 20C, 51P	3:4

TÁBLA 5—Aicme na gcainteoirí ag a bhfuil <tr> 'neamhghnách'.

Aicme	Cainteoir	Comhréir
1	20MM, 30P, 36N, 60M, 64M, 78C, 78RAI	7:18
2a	27ML, 43M	2:11
2b	52J	1:3
3	20C	1:4

¹² De réir céimíocht an tsondais (Laver 1994, 504) is é α:/al, guta íseal + leachtach, an déanamhas is sonda is féidir a bheith ag códa VC. Is é sin an t-údar tr a bheith chomh coitianta anseo—marcálann sé an teorainn mhoirfeolaíoch le contrárthacht sondaí. Tá tionchar fiú ag guta na fréimhe ar réaladh tr.

¹³ Mar atá léirithe is iomú focal a mbíonn <t> is <tr> ag malartú iontu ach is beag focal a bhfuil <r> agus <tr> ag malartú iontu, ach tá *scailptrachai* teastaithe ag cainteoir amháin, 36S, in ionad na gnáthfhoirmeacha *sca(i)lp(r)(e)achai*.

De chonclúid ar an gcuid seo den anailís:

- (i) Is sóinseálaigh choibhneasta na síntigh (tr) agus (r).
- (ii) Baineann siad le haicmí leicseacha fo-rangaithe.
- (iii) Tá gaol idir réaladh cainteora agus an tromú a thugann sé go ginearálta do mhalartach seachas a chéile.
- (iv) Impleachtaíonn aicme leicseach focail agus tromú malartaigh cainteora cén réaladh atá ar aon fhocal ar leith (de thoradh ar (ii) agus (iii)).

3. AN SÓINSEÁLACH (V) → ⟨ə⟩ ⟨i:⟩


Scrúdófar anois an sóinseálach (V) a réalaitear mar ⟨ə⟩ agus ⟨i:⟩. I Wigger (1970, 68) tá plé ar an malartaíocht atá, mar shampla, idir *scéalta* agus *scéaltaí* in ábhar a bailíodh in Iorras Aithneach. Mar gheall nach bhfuil na suímh chúil choimhréire tugtha san áireamh aige ná an tuiscint theagmhasach curtha i bhfeidhm agus, b'fhéidir, de bharr laghad na samplaí, teipeann ar Wigger aon phátrún a aimsiú. Níor chuidigh cur síos Mhic an Fhailigh (1968, 141, 191) ró-mhór leis, b'fhéidir; cur síos nach bhfuil de réir a chéile ar fad, (féach freisin Mhac an Fhailigh 1947, 254–5, agus ‘allegro’ ə vs. ‘pausa’ i: de Bhaldráithe 1970, 163–4). Leanann Ó hUiginn (1994, 550–1, 571) an míchruinneas seo cé go sonraíonn sé (i) go bhfuil teacht ar mhalartú de mhacasamhail Iorrais ‘thall is abhus i gceantair eile’ agus (ii) go bhfuil ar a laghad eisceacht amháin aimsithe aige sa ‘chóras’ atá in Mhac an Fhailigh (1968) féin. Ar ndóigh tá tuilleadh ‘eisceachtaí’ in ábhar LASID do cheantar Iorrais. Soiléireoidh an cur chuige teagmhasach neamhchruinneas údar eile ar an sóinseálach seo.

Fearacht sóinseálach eile is aicme lena ballraíocht leicseach shainiúil féin atá i gceist i (V). Le ballraíocht a chinntiú do chainteoir ar leith ní mór a chinntiú gur féidir le gach focal nó ball den aicme ⟨ə⟩ nó ⟨i:⟩ a bheith aige. Mar shampla ní féidir a bheith cinnte go bhfuil an leagan *bliantaí* ag cainteoir nach bhfuil ach *blianta* teastaithe aige, agus dá bhrí sin ní féidir *bliain* a aicmiú ina bhall d'aicme (V) don chainteoir sin. Fearacht sóinseálach eile, ar ndóigh, is féidir an aicme ina hiomláine a shainmhíniú de réir na canúna áitiúla.


Má scrúdaítear aicme agus fo-ranguithe (V) ag cainteoir ar leith, 869P, tagann an pátrún seo a leanas chun cruinnis. Tá an tromú céanna ag formhór na bhfocal san aicme seo, is é sin le rá gur ⟨ə⟩ atá ceannasach. Tá fo-rang focal níos lú ná sin a bhfuil comhréir réasúnta ard de ⟨i:⟩ acu. Níl ach focal amháin ar ceannasaí ⟨i:⟩ ná ⟨ə⟩ ann, an focal *scuab*. Seo iad, mar sin, na fo-ranganna:¹⁴

- ⟨ə⟩ >> ⟨i:⟩ *caor, céad, cois, (-)duine, fiacail, gheasa, míle, ní, scéal*
 ⟨ə⟩ ≈ ⟨i:⟩ (*cearc*), *gé, péist, (pian), súil*
 ⟨i:⟩ >> ⟨ə⟩ *scuab*

¹⁴ Níl ach beagán samplaí de na focail *cearc* agus *súil* nótaílte agam aige.

GRAF 3—(V) agus a chúltimpeallacht, 869P.¹⁶

GRAF 4—(V) agus a chúltimpeallacht, 894C.



Ní hiondúil go mbíonn focail den déanamh \$Cóg san aicme seo, mar shampla *neantóg* → *neantógaí* amháin atá ann, ach tá aon chainteoir amháin sa sampla—878C a bhfuil *neantóga* freisin aige. Chomh maith le ballraíocht indibhidiúil na haicme a bheith insainmhínithe do chainteoir ar leith tá comhchoibhneas idir cúltimpeallacht na foirme iolra agus réaladh (V). Seiceáladh 869P do na cúltimpeallachtaí atá léirithe i nGraf 3 anseo, is é sin roimh chonsan, schwa, ghutaí eile, agus roimh phausa.¹⁵

Taispeánann graf 869P gur roimh phausa is mó a réalaíonn sé <i> agus gur roimh chonsan is mó a réalaíonn sé <ə>. Cuirimís pátrún cainteora eile, 894C, i nGraf 4, i gcomparáid le 869P. Tá pátrún comhthreomhar ag 894C freisin ach ní mar a chéile an bheirt maidir le tromú na gcúltimpeallachtaí áirithe. Is cosúil, mar sin, go bhfuil ar a laghad trí choinníoll cúltimpeallachta ag cinntiú réaladh na malartach seo. Tá na trí choinníoll seo ag an mbeirt chainteoirí mar atá sonraithe, ach ní mar a chéile go díreach a n-ord inmheánach impleachtúil. Is é an chúltimpeallacht pausa a sheasann amach dá n-idirdhealú. Is roimh chonsan is mó toradh <ə> don bheirt chainteoirí ach is roimh phausa is laige é do 869P agus is roimh ghuta is laige do 894C é, is é sin le rá, i bhfoirmle:

<ə> ag 869P Consan >> Schwa >> Guta >> Pausa


<ə> ag 894C Conson >> Pausa >> Schwa >> Guta

Feicfear thíos (Graf 22, Graf 23) go bhfuil an scála céanna le 869P ag beirt chainteoirí maidir le cúltimpeallacht an tsóinseálaigh (VxV), atá gaolmhar le (V).

¹⁵ Níor comhaireadh gach comhartha de <ə> in ábhar 869P i bhfocail a bhfuil sí an-choitianta acu ach tá méid <i> cruinn.

¹⁶ Seasann -a do <ə> agus -í do <i>.

GRAF 5—(V) agus a chúltimpeallacht ag 869P agus a chlann iníon.

*Gréasán cainteoirí*

Tá úsáid beirt iníon **869P** (i. **08B**, **15W**) curtha i gcomparáid lena n-athair sa ngraf thuas. Rinneadh amach aicme leicseach ghinearálta (V) le teacht ar phátrún na n-iníonacha. Níl ach aon bhundifríocht amháin maidir le hord na gcúiltimpeallachtaí ar an scála cainníochtúil. Tá an tréith is ceannasaí maidir le <i: > ag an athair—pausa—tá sin sa suíomh is ceannasaí maidir le <ə > ag a chlann iníon, is é sin le rá, i bhfoirmle:

<ə > ag **869P** Consan >> Schwa >> Guta >> Pausa
 <ə > ag a iníonacha Pausa >> Consan >> Schwa >> Guta

Mar a fathas thuas b'ar ord pausa a difreáladh cainteoir eile freisin.¹⁷

¹⁷ Tabhair faoi deara go bhfuil ord docht ag Consan >> Schwa >> Guta. Dá bhrí sin tá na scálaí seo a leanas teastaithe againn do chúltimpeallacht <ə >:

869P Consan >> Schwa >> Guta >> Pausa
894C Consan >> Pausa >> Schwa >> Guta
08B, 15W Pausa >> Consan >> Schwa >> Guta

Agus do chúltimpeallacht <VxV3 > (Graf 22 agus Graf 23 thíos):

878C, 29PM Consan >> Schwa >> Guta >> Pausa

Is toradh fíorspéisiúil é seo a fhreagraíonn do chúltimpeallacht bháithheadh *t, d* an Bhéarla (Guy 1980, 27–8): 'Let us consider the significance of this finding for linguistic theory. In all our studies, **K** (*consan*) and **V** (*guta*) are rigidly ordered... The distribution of **Q** (*pausa*) values is highly variable'. Go díreach mar a dhifreálann stádas pausa **869P** óna chlann iníon, difreálann an 'genuine dialect difference' seo muintir Nua Eabhrach ó mhuintir Philadelphia agus, is cosúil, an cine gorm ón gcine geal i Meireacá. Tairgíonn Guy míniú

Maidir le leibhéal táirgthe na malartach tá difreáil shuntasach amháin le haithint láithreach—táirgeadh ard ⟨i:⟩ ag 15W. Mar a luadh thuas maidir le 869P níor comhaireadh roinnt comharthaí de ⟨ə⟩, dá bhrí sin níl a chóimheas céatadánach-san don dá mhalartach iontaofa. Ach tá cóimheas na beirte iníon cruinn, ní théann siad le chéile maidir le ráta iomlán a gcuid malartach. Tá ⟨i:⟩ i 35% de réalta 15W ach i 10% de réalta 08B.¹⁸

Mar chonclúid ar an bplé gairid a rinneadh ar (V):

- (i) Tá aicme ar leith focal ann a bhaineann leis an sóinseálach seo a bhfuil fo-rangú immheánach inti.
- (ii) Tá comhchoibhneas teagmhasach idir cúltimpeallacht an fhocail agus réaladh an mhalartaigh.
- (iii) Tá difríochtaí idir cainteoirí maidir le tromuithe na gcúltimpeallachtaí seo.
- (iv) Tá difríochtaí agus cosúlachtaí i ngréasán teaghlaigh maidir le hord cainníochtúil na dtromuithe agus táirgeadh malartaigh ar leith.

4. AN SÓINSEÁLACH (VxV) → ⟨Vxə⟩ ⟨Vxi:⟩

Sa phlé ar an sóinseálach seo cuirfear béim ar na téamaí teangeolaíocha agus sochtheangeolaíocha seo ach go háirithe: (i) an úsáid chéimseach impleachtúil; (ii) úsáid a bheith cinntithe taobh istigh de ghréasán cainteora; agus (iii) srathú aoise. Cé gur ⟨Vxi:⟩ an malartach is coitianta i bhfad ar an sóinseálach seo tá iolraí mar *áit* > a:t'əxə, *leac* > L'akrəxə, *banais* > ban fe:xə, *dreatháir* > dr'eha:r'əxə coitianta ag mionlach beag cainteoirí in Iorras Aithneach, agus ag cainteoirí as áiteacha eile i gConamara, cé go bhfuil neamhshuim déanta ag canúineolaithe dhíobh go dtí seo. Sa chuid seo den alt taispeánfar an comhchoibhneas ilsóinseálach atá idir na deirí 'simplí' ⟨ə⟩ agus ⟨i:⟩, agus na deirí 'comhcheangailte' ⟨əxə⟩ agus ⟨əxi:⟩, agus ⟨V:xə⟩ agus ⟨V:xi:⟩. Tá tábhacht ar leith ag baint le déanamhas an tamhain a gcomhcheanglaíonn (VxV) leis maidir le méid shiollach an tamhain agus méid charnach deireadh an tamhain, go fiú méid charnach mhorf-fhóineolaíoch na neilimintí a théann roimh (VxV). Is féidir na coinníollacha seo a thabhairt faoi aon téarma amháin: 'toirt fhóineolaíoch'. Go hachomair, dá mhéad dá mbeidh an toirt fhóineolaíoch roimh an sóinseálach (VxV) is amhlaidh is mó an dóchúlacht go mbeidh ⟨Vxə⟩ ina réaladh dromchla.

ar stádas sonrath pausa sa méid is nach mbaineann sé go díreach leis an gcéimíocht fhoghraíochtúil uilíoch consan-leachtach-sleamhnán-guta. Mar sin sainmhíníonn gach canúint ar leith a stádas féin do phausa. Tá iarracht shuimiúil in *Yaeger-Dror* (1993) ar stádas réime pausa san Eabhrais a mhíniú i dtéarmaí suntais fheasaigh ('cognitive salience').

¹⁸ Tá sé le haithint ó chomhrá na beirte fiú go bhfuil 15W níos 'tugtha' do ⟨i:⟩ ná a deirfiúr, mar shampla ag 15W: *fuaraíocht na gclocháí, scéaltaí acab, na súilí go maith anois, na cearcaí héin, na tíobhaí (< teach) tá díonta le clocháí.*

Toirt fhóineolaíoch

Is féidir an dá choinníoll a bhaineann le toirt fhóineolaíoch, an ‘coinníoll (ceathair)s(h)iollach’ agus an ‘coinníoll carnach’, a shainmhíniú mar seo a leanas:

- (1) An coinníoll ceathairshiollach ar $\langle Vxə \rangle$, \$2
 Cinntíonn an coinníoll seo go mbeidh $\langle Vxə \rangle$ ag foirmeacha dromchla iolra a bhfuil níos mó ná trí shiolla iontu de réir uimhir idéalach siollaí a bheith ag $\langle Vxə \rangle$:
 Uimhir idéalach siollaí do $Vxi: = 3$ msh. *dris* > **dr’iʃəxi: 36S.**
 Uimhir idéalach siollaí do $Vxə > 3$ msh. *baithis* > **bahəʃəxə 36S;**
bildeáil > **b’il’ɔ:ləxə 20MM;**
múr > **mu:ri:ləxə.**
- (2) An coinníoll carnach ar $\langle Vxə \rangle$, \$1C^{>1}
 Cinntíonn an coinníoll seo go mbeidh $\langle Vxə \rangle$ ag foirmeacha dromchla iolra a bhfuil níos mó ná consan amháin roimh an $\langle Vxə \rangle$ de réir an uimhir idéalach réamhchonsain:
 Uimhir idéalach réamhchonsain do $Vxi: = 1$ msh. *dris* < **dr’iʃəxi: 36S.**
 Uimhir idéalach réamhchonsain do $Vxə > 1$ msh. *asna* > **æ:snəxə 36S;**
fréamh > **fr’e:wɾəxə 29C.**

Is féidir an dá choinníoll sin a fhoirmliú ina riail shóinseálach:


$$(VxV) \rightarrow n\langle Vxə \rangle / \left\{ \begin{array}{l} \$2 \\ \$1C^{>1} \end{array} \right\} _ ; n = \text{feidhm (gréasán, aois, cúltimpeallacht)}$$

Tá na rialacha seo bisiúil le nua-iasachtaí, mar shampla ‘orange’ **arəndʒəxə 08B**, ‘rattle’ **ratl’əxə 36S**, ‘drain’ **dre:n’trəxə 20C**.¹⁹

Maidir le bunús moirfeolaíoch an chairn feictear difríochtaí tromaithe idir carn de bharr síntigh agus carn de bharr coimrithe a theacht roimh (VxV). Is é sin le rá nach mar a chéile a phátrúnaíonn gach C^{>1}, braitheann sé an C^{>1} na bunfhréimhe atá i gceist, nó an C^{>1} de bharr coimriú na bunfhréimhe san iolra atá i gceist, nó an sínteach atá sa C^{>1}. (Maidir le cairn na bunfhréimhe ní móide nó tá tionchar den dul seo aige ach ní leor a bhfuil de shamplaí teastaithe agam lena gcomhaireamh sna céatadáin atá sna táblaí a bhaineann le hábhar. Ach tá sé tábhachtach, is dócha, go bhfuil ball amháin den aicme bheagthástáilte seo, \$C^{>1}#, an focal *splanc*, go bhfuil an réaladh **splaŋkəxə** ag beirt chainteoirí, **20C** agus cainteoir as *Doire an Locháin 19B*.) Is i bhfocail na haicme (V:xi:) (a pléifear i roinn faoi leith thíos) atá an eisceacht is mó maidir le toirt fhóineolaíoch de. De réir toirte bheifí ag súil gur mhó an méid $\langle Vxə \rangle$ ná $\langle Vxi: \rangle$ a gheofaí i ndiaidh an tsíntigh V:, i gcomparáid, mar shampla, le

¹⁹ Tá /r/ roinnt briotach ag **20C**, .i. carballaithe, agus ní móide nó is í is ciontaí le /t/ agus /d/ a bheith ailbheolach ina comharsanacht.


GRAF 6—(VxV) → (Vxə) de réir déanmhais (mhoirf-)(h)óineolaigh, 20C, 29C.



i ndiaidh ə, .i. bheadh súil le ⟨V:xə⟩ a bheith níos coitianta ná ⟨əxə⟩. Ach is é a mhalairt atá fíor go hiondúil, mar a fheicfear do chainteoirí indibhidiúla thíos, is in aicme (V:xi:) is lú a bhíonn ⟨Vxə⟩ ag a bhformhór.

Breathnófar i dtosach ar aon chainteoir amháin, 29C, a bhfuil pátrún soiléir céimseach aici. Tá céatadán a cuid úsáide tugtha i nGraf 6 thuas. Is in aicme an tsóinseálaigh (V:xi:) is lú a bhíonn ⟨Vxə⟩ aici. Ina dhiaidh sin ardaíonn toradh ⟨Vxə⟩ de réir a chéile—i bhfocail aonsiollacha dar críoch consan amháin, \$1C#; ina dhiaidh sin a thagann an dá aicme sa ghraf atá faoi réir ag an gcoinníoll carnach: focail móide sínteach agus focail choimrithe; ar deireadh, i gceannas ar thoradh ⟨Vxə⟩, tá na focail dhéshiollacha nach gcoimrítear, \$2#, focail atá faoi réir ag an gcoinníoll ceathairshiollach. Is féidir cainteoir eile, 20C, a chur i gcomparáid le 29C sa ghraf céanna. Is léir do 20C gurb é an coinníoll ceathairshiollach is ceannasaí aige maidir le ⟨Vxə⟩, fiú is go bhfuil sé ionann is catagóireach aige, ach gur beag difríocht idir na trí shuíomh láir sa ghraf aige. Tá ord difriúil agus táirgeadh i bhfad níos ísle ag an gcainteoir is óige ag a bhfuil ⟨Vxə⟩, 73P. Tá a ghraf sainiúil féin tugtha i nGraf 7.


GRAF 7—(VxV) → (Vxə) de réir déanmhais (mhoirf-)(h)óineolaigh, 73P.



Gréasáin chainteoirí

Cainteoir ar bith ar féidir réalaiócha a mhuintire a thástáil maidir le (VxV) tá coibhneas soiléir gréasáin le haithint: má tá ⟨Vxə⟩ ag cainteoir baineann sé le teaghlach a bhfuil ⟨Vxə⟩ acu. Tá an gaol gar seo soiléir i gclann Mhaidhcil Mhaitiú Uí Mhaoilchiaráin, ceann dá dtréithe gur clann ⟨Vxə⟩ iad, le ceathairshiollaigh tá ⟨əxə⟩ ag gach duine atá

GRAF 8—⟨əxə⟩ vs ⟨əxi:⟩ i gceathairshiollaigh, clann Mhaidhcil Mhaitiú.



scrúdaithe agam sa chlann, beagnach sa chéatadán céanna fiú.²⁰ Féach an graf thuas (Graf 8).

Mar ba léir ó na grafanna do chainteoirí indibhidiúla tá an gaol atá idir na coinníollacha ar réaladh ⟨Vxə⟩ ina scála impleachtúil. Tá an scála seo léirithe i dTábla 6 thíos. Is féidir an scála a léamh mar seo: má tá ⟨Vxə⟩ in aonsiollach ag cainteoir tá ⟨Vxə⟩ i ngach suíomh aige; má tá ⟨Vxə⟩ i ndiaidh cairn aige tá sé i gceathairshiollaigh aige; is féidir leis ⟨Vxə⟩ a bheith i gceathairshiollaigh aige gan é a bheith i suíomh eile; mara bhfuil ⟨Vxə⟩ i gceathairshiollaigh aige níl sé in aon suíomh aige. Go cainníochtúil is minicí ná a mhalairt gur láidre an coinníoll ar thaobh na láimhe deise. Is é seo ábhar an ardaithe chomhthreomhair a thagann ar thoradh ⟨Vxə⟩ de réir mar théann duine ar dheis i nGraf 6 thuas. Tá cainteoirí nár cuireadh sa tábla thuas faoi Aicme C mar gheall gur fíorbheagán ⟨əxə⟩ a fríodh acu, mar shampla, **12S** nár fríodh ach *balliarracha* (<< *balliarrachaf*) aige.

TÁBLA 6—Scála impleachtúil ⟨Vxə⟩

Cainteoirí	Coinníolí aonsiollach \$lacha	Carnach aonsiollach \$1C ^{>1} acha	Ceathairshiollach \$2 ⁽⁺⁾ acha
A 878C, 20C, 29C 73P	+	+	+
B 866E, 869P, 08B, 36S	-	+	+
C 894C, 15W, 20MM, 20J, 25M, 26PM	-	-	+
D Fuíoll = formhór mór na gcainteoirí	-	-	-

cainteoir = clann Mhacaí'ic an Iomaire (dhá ghlúin), An Coillín.

cainteoir = clann Mhaidhcil Mhaitiú Uí Mhaoilchiaráin (glúin amháin), Maínis thiar.

cainteoir - clann Jó Bhairbre Uí Mhaoilchiaráin (dhá ghlúin), Maínis thiar.

Maidir le difríochtaí idir aoisghrúpaí de tabhair faoi deara i nGraf 8 do chlann Mhaidhcil Mhaitiú gurb í an ball is sine den chlann, **20MM**, is

²⁰ Tá luachanna **29C** agus **36S** chomh gar anseo go bhfuil siad ina chéile ar an ngraf.

airde céatadán ⟨əxə⟩ i gceathairshiollaigh, le 90 %, agus go bhfuil 80 % ag an mbeirt is óige sa chlann. Ní amháin go céatadánach atá an srathú aoise le feiceáil, ar ndóigh, mar shampla i gclann Mhacaí i dTábla 6 is iad an bheirt is sine atá san aicme is fairsinge ⟨Vxə⟩ don ghréasán seo, Aicme B, tá triúr níos óige ná iad sa chéad aicme eile thíos, C, agus tá an duine is óige arís, Seán (mac 08B) ar ball den tríú glúin é, san aicme is ísle, .i. D, gan ⟨Vxə⟩ ar bith (teastaithe) aige.²¹ Ach níl na gréasáin ar fad srathaithe chomh cumhsclaithe sin de réir aoise. Tá clann Mhaidhcil Mhaitiú sa tábla thuas scaipthe gan comhchoibhneas soiléir ar bith idir a n-aois agus méid a gcoinníollacha. Sa chlann cheánna i nGraf 8 thuas tá úsáid 26PM beagán in aghaidh an phátrúin. Pléifear a chás-san thíos. Dála an scéil an bheirt chainteoirí a bhfuil an deireadh iolra ⟨ənə⟩ acu (ina stíl nádúrtha neamhbheachtaithe), 20C agus 73P, tá siad in Aicme A maidir le ⟨Vxə⟩ agus is mac agus mac mic Jó Bhairbre Uí Mhaoilchiaráin iad beirt. Mar sin tá coibhneas impleachtúil idir na hiolraí əxə agus ənə inár sampla.

Diacrónachas

B'fhéidir go bhfuil tábhacht le toirt fhóineolaíoch fréimhe, mar atá léirithe sa chás seo, i suímh eile san iolra. An é is cúis le ⟨i:⟩ > > ⟨ə⟩ i *róití* (< ró) seachas i *róinte* (< rón), nó in *gualainn* > *guaillí* guəL'i: seachas *guaillne* guəL-N'ə, nó i *lá* > *laethanta* seachas *laethannaí* mar shampla? Is éard atá ar bun i gcás (VxV) go diacrónach go bhfuil deireadh forásach, Vxi:, ag spré sa chóras iolra i bhfoirmeacha gearra i dtosach agus an deireadh coimeádach, Vxə (atá léirithe fós sa chaighdeán scríofa *-acha*), coinnithe i bhfoirmeacha fada. Tá cás comhthreomhar i Seapáinis Tōkyō pléite in Matsuda (1993, 16–27) áit a dtuairiscítear spré teagmhasach deireadh forásach briathair i bhfoirmeacha aon- agus démhóracha i gcontrárthacht le foirmeacha trímhóracha agus níos mó ina gcoinnítear an tseanfhoirm go catagóireach. Tá roinnt tagairtí in Matsuda (1993, 25–6) freisin do choinníollú deilbhíochta siollach i dteangacha eile ach ní heol dom aon phlé ginearálta tuairisciúil ná teoriciúil ar an gceist. I gcás (VxV) in Iorras Aithneach, ar ndóigh, b'fhéidir baint a bheith ag iseacrónachas le hábhar, sa mhéid is go dtéann an deireadh fada leis an bhfoirm ghearr is *vice versa*, ach tá a mhalairt sin i gceist i gcás Tōkyō.

²¹ Dála formhór chainteoirí an 'phobail teangan' seo níorbh fhios do Sheán go raibh ⟨Vxə⟩ sa chanúint fiú. Ba teannach leis a chur ina luí orm gur de bharr an litrithe a bhí ⟨Vxə⟩ i bhfreagraí ceistneora a mháthar agus a aintín. Ach ní mhíneodh sin a rialta is atá ⟨Vxi:⟩ le haonsiollaí is ⟨Vxə⟩ le hilsiollaí acu i bhfreagraí ar cheisteanna teangan agus sa chaint neamhbheachtaithe agus go bhfreagraíonn a n-úsáid do phátrúin choiteanna na canúna. Ag an am céanna is cosúil gur i ngan fhios dóibh féin a chuireann an dream a bhfuil ⟨Vxə⟩ acu an malartach gann seo ag obair.

5. AN SÓINSEÁLACH (V:xi:) → <iəxi:> <e:xi:> <axi:> <axi:> <a:xi:>
<o:xi:> <u:xi:>

Is é an sóinseálach (V:xi:) is mó a pléifear san alt seo. Tá fúm plé achomair a dhéanamh ar dhiacrónachas agus chanúineolaíocht an tsóinseálaigh seo, agus ar a réaladh agus a chinntiú teangeolaíoch in Iorras Aithneach. Go dtí seo is in Hickey (1985, 159–60) is mó a bhí plé ar na hiarmhíreanna seo. Tá an cnuasach samplaí is mó i gcló le fáil i n*Gaeilge Chois Fhairrge* (GCF as seo amach) Thomáis de Bhaldraithe nach maireann (1953, go háirithe leathanaigh 47–8). Go dtí seo ní raibh aon phlé sásúil diacrónach, canúnach, sioncrónach ná cainníochtúil ar (V:xi:). Féach, mar shampla, Ó Siadhail (1989, 164) a deir go mbaineann an sóinseálach seo le ‘limited, if unpredictable, number of nouns’. Ní amhlaidh sin do Chonnachta ach go háirithe.

Diacrónachas agus canúineolaíocht


Go diacrónach tá na deirí iolra neamhspleácha i: agus u: ann, i: (<-idhe go stairiúil) ar fud na tíre agus u: (<-adha go stairiúil) i gConnachta.²² Tháthaíodar seo le əxə ag tabhairt iolraí in (V:xi:). Tá u:(:) (de bhunús eile, <-abh <-ibh) in oirthear Chonnacht agus níos faide ó thuaidh, in Albain fiú, ach ní tugtar san áireamh anseo í. Tá an fhéidireacht ann freisin gur fhorás i: iolra as -ibh i dtuaisceart Chonnacht. Braitheann díorthú stairiúil focail, mar sin, ar a aicme stairiúil. Mar shampla is féidir a bheith réasúnta cinnte gur as *cleiteadha-achai* an fhoirm chanúnach kl'et'u:xi:, gur as *lataidhe-achai* an fhoirm *latiəxi:*. Ar an lámh eile de b'fhéidir gur as *bonnaibh-eachai* agus *bonnabh-achai* na foirmeacha *buniəxi:* agus *bunu:xi:* faoi seach, féach a choitianta is atá frásaí mar *de na bonnaibh, sna bonnaibh*. Tá díorthuithe eile fós ag *iəxi:*, ar ndóigh, mar shampla caolú móide *-achai: cuireadh* → *cuiridheachai;* *tórramh* → *tórraimheachai;* agus ag *u:xi:*, mar shampa *fobhra* → *forabhachai,* *tórramh* → *tórramhachai*. Seiceáladh cúig cinn déag d'fhocail i LASID I–III, le teacht ar bhundáileadh canúineolaíoch an tsóinseálaigh. Is iad sin na focail: *sine* mp 18 agus c. 49, *cleite* mp 36, *ionga* mp 136 agus c. 453, *teanga* c. 247, *mala* c. 424, *fabhra* c. 425, *gloine* c. 426, *faithne* c. 436, *iomaire* c. 627, *claise* c. 630, *gráinne* c. 660, *conra* c. 711, *tórramh* c. 703, *eite* c. 1133, *lann* c. 1136. Is éard atá ina bhformhór mór ná déshiollaigh den déanamh \$1Cə.²³ Is le fréamhacha den déanamh seo is mó a cuirtear (V:xi:) agus dá bhrí sin faightear an V: go hiondúil sa dara siolla.

Tá *iəxə/iəxi:* forleathan ar fud na tíre, tá *u:xi:* coiteann i lár agus i ndeisceart Chonnacht amháin, .i. ceantar lárnach *u:xi:*. Is tréith mhoirfeolaíoch thábhachtach Chonnachtach mar sin an <u:xi:> seo nach

²² Ós rud é gur thug *dh* leathan idir gutaí i siollaí aiceanta əi go rialta sa deisceart, d'fhéadfadh *-adha* neamhaiceanta i: a thabhairt; míniú, b'fhéidir, ar easpa u: san iolra i gCúige Mumhan. (Tá mé buíoch do Roibeard Ó Maolalaigh faoin bpointe seo a chur ar mo shúile dom.)

²³ Cf. Greene (1974, 195).

GRAF 9—Dáileadh u: agus u:xi: i LASID (bunaithe ar chúig fhocal déag).



bhfaightear i LASID (san ábhar a seiceáladh) ó dheas de líne a shíneann ón Sunda ó Dheas idir Inis Oirr Co. na Gaillimhe (pt 41) agus Co. an Chláir go Baile Chláir na Gaillimhe (pt 37) chomh fada le Poll an Chrosán (pt 30) agus Paráiste an Disirt i gCo. Ros Comáin (pt 32). Tá teorainn thuaisceartach <u:xi:> i LASID ag síneadh ó Bhéal Deirg (pt 58) ar chósta ó thuaidh Cho. Mhaigh Eo go hAth Chláir Co. Shligigh (pt 60) agus Cill Móbhí Co. Mhaigh Eo (pt 62). Tá cósta thiar thuaidh Cho. Mhaigh Eo, ceantar Iorrais, pointí 55–57, ina cheantar iarsmúil; an deireadh u: amháin atá ann. Tá canúintí measctha (sa chiall theoriciúil) ar gach aon taobh den cheantar seo a bhfuil u: agus u:xi: iontu: Béal Deirg agus Baile an Chaisil, pointí 58–59, ó thuaidh de; agus Acaill, pointí 54–53,²⁴ agus Cluain Cearbán, pointe 52, ó dheas de. Tá ceirthe chanúint

²⁴ Is é *əvaxə/əvaxə/uʷaxə/uwaxə* leagan Acla, an t-oileán is An Corrán, ar an malartach nuálach ach is féidir é a aicmiú faoi <u:xi:> don phlé seo. Níl ach u: teastaithe don Chorrán, pointe 53, i LASID ach tá *faithne fan'huʷaxə* ag príomhchainteoir Stockman (1974, 321 §1402) ar as An gCorrán é, cé gur coitianta u:.

mheasctha eile (scaipthe) i gConnachta ó dheas a bhfuil **u:** acu i bhfocail an liosta thuas: pointí 32, 34 agus 49 (*sine*), agus 41 (*eite*). Gach seans go bhfuil/raibh **u:** ag na focail seo i gceantair eile. Tá an deireadh neamhspleách **u:** i go leor de Chonnachta, ar ndóigh, ach tá sé teoranta sa chuid eile de Chonnachta d'aicme focal an-bheag nach nbaineann leis na focail a tástáladh anseo (mar shampla *gearrchaile* i go leor de Chonamara; *teach* in iarthar agus tuaisceart Chonamara srl, féach LASID mp 147 agus Wagner (1982, 98–109).²⁵ Is cosúil, mar sin, nach fada ó bhí **u:** ina dheireadh iolra ar fud Chonnacht agus b'fhéidir gur le réasúnta gairid a d'fhorás <**u:xi:**>.


Is é an limistéar tíre seo mar sin (pointí 30–62, lúide 55–57) limistéar (<**V:xi:**>), áit a bhfuil rogha cáilíochta idir luach an ghuta fhada roimh **-xi:**.²⁶ Is sa limistéar seo amháin, is cosúil, a fhaightear íslíú suntasach ar an **i:** agus ar an **u:** stairiúil in (<**V:xi:**>). Is cosúil mar sin gur ghá malartach tosaigh agus cúil a bheith i gcanúint sula dtarlódh an t-íslíú comhthreomhar i dreo malartach láir agus íseal. I gcanúint logánta nach bhfuil, nó nach rabh, <**u:xi:**> inti, mar sin, ní fhaightear <**e:xi:**>. Tá na ceithre mhalartach neamhíse atá ag (<**V:xi:**>) tá sin i LASID. Is iad <**iəxi:**> agus <**u:xi:**> is coitianta i bhfad (féach Graf 10 thíos). Tá na malartaigh láir annamh go maith, ní fhaightear go rialta iad ach i gcorrphointe, tá ceithre chomhartha dhéag de <**o:xi:**> (pt 33 le dhá shampla; pt 42 le ceithre shampla; agus, i gcointeanóid tuaisceartach, pointí 51, 52 agus 58 le haon sampla amháin an pointe, pt 59 le trí shampla, pt 60 le dhá shampla). Is iad na cáilíochtaí díreacha atá ag an gcéad ghuta in <**o:xi:**> i bpointe 42 **o:** (x3) agus i bpointe 33 (x1), agus i bpointe 42 **o:** (x1), agus **o:** (x9) don chuid eile. Níl ach aon chomhartha amháin de <**e:xi:**> ann (pt 43a, áit a ndearna H. H. Coyle, agus ní Wagner, an obair pháirce). Is iondúil go leanann an malartach tosaigh consan leathan agus an malartach cúil consan caol i gcineál díshamhlú cáilíochta a mharcálann an teorainn mhoirféimeach.²⁷ Tá méid samplaí na ndeirí maidir le caoileacht

²⁵ I gcomhthéacs Chonnacht tá ceantair lárna, measctha, agus iarsmúla ann maidir le **u:xi:**. Ach, mar is minic le tréithe Connachtacha, i gcomhthéacs na tíre ar fad tá **u:xi:** ina fhoirm mheascáin (féach 'mixed and fudged lects' Chambers agus Trudgill, 1980, 132ff); meascán den *-ú* choimeádach Chonnachtach agus den *-achai* forásach atá sa chuid eile den tír.

²⁶ Seasann cáilíocht guta agus consain san alt seo don tréith ± tosaigh, .i. guta tosaigh nó cúil, consan caol nó leathan.

²⁷ Tá tábhacht nach beag ag próiseas seo an díshamhlaithe sa Ghaeilge nach bpléifear níos doimhne anseo, ach, mar gheall nár tugadh chun suime cheana é, ní miste beagán solaidí a thabhairt anseo. Mar a luadh i bhfonóta 12 is féidir feidhm na sínteach a thuiscint mar dhíshamhlú sondais; cf. 'a type of voice dissimilation' Hickey (1985, 177). Díshamhlú cáilíochta nó coguasach is cúis le **u:** a bheith mar dheireadh iolra i ndiaidh consain chaola (stairiúla) in Iorras Mhaigh Eo, e.g. *reithe* > *rehu:* (Mhac an Fhailigh, 1968, 191). Díshamhlú ar an scála coguasach/liopach is bun le contrárthachtaí coitianta tuaisceartacha mar C_1V_1 vs C_2V_2 (léigh 'C₁ níos coguasach nó/agus níos liopaí ná C₂, V₂ níos faide ar gcúl nó/agus níos liopaí ná V₁'); mar atá $C_1i:$ vs $C_2ə$, msh. 3b forainm réamhfhoclach *int'i:* vs *l'e:x'ə*, *hri:t'i:* vs *hri:x'ə*; $C_1ə$ vs $C_2u:$, msh. 3i forainm réamhfhoclach *do:fə* vs *rumpu:* sa chanúint chéanna, nó *fu:fə* vs *fu:hu:* i gcanúintí éagsúla, agus *fu:f* ~ *fu:hu:* sa chanúint chéanna (Nielsen 1975, 181). Tá an chontrárthacht dhíshamhlaithe chéanna ag obair sa bhriathar tuaisceartach, msh. fáistineach *báith ba:x'ə*

GRAF 10—(V:xi:) de réir cáilíocht an chonsain roimhe, pointí 30–62 LASID I, III.



an chonsain rompu le feiceáil: nGraf 10. Is léir gur láidre an coinníoll seo na cáilíochta ar an malartach cúil ná ar an gceann tosaigh.

Is féidir réimse agus coinníollú cáilíochta ar (V:xi:) in ábhar LASID a scríobh amach i bhfoirmle (thíos) a chiallaíonn: gurb é malartach cúil is coitianta, agus bo bhfuil <iəxi:> coinníollaithe ag cáilíocht an chonsain roimhe ach go bhfuil an coinníoll níos laige ar <iəxi:> ná ar na malartaigh chúil; freisin go bhfuil dhá fho-mhalartach chúil ann agus gurb é <u:xi:> is coitianta, agus bo bhfuil dhá fho-mhalartach thosaigh ann is gur coitianta i bhfad <iəxi:>.

Réimse agus coinníollú [*<iəxi:>*] > > > [*<e:xi:>*] < [*<u:xi:>*] > > [*<o:xi:>*]
 cáilíochta ar (V:xi:) i leathan < caol
 LASID

Déanann foirmle mar seo achoimre ar an eolas atá i nGraf 10. Leanann formhór pointí LASID na coinníollacha seo go docht ach tá cupla pointe agus cupla focal a sheasann amach as an ngnáthphátrún. Is iad na pointí a leanann an coinníoll cáilíochta go docht ná:

30, 31, 32, 34, 35, 36, 37, 39, 40, 41, 42, 44, 45, 47, 48, 50, 61, .i. 17 bpointe.

Is iad na pointí nach leannann an coinníoll cáilíochta go docht ná:

maidir leis an malartach cúil: le *fabhra*: 33, 49, 51, 58, (59 u:), 60, 62;
 le *ionga*: 38, 43;

maidir leis an malartach tosaigh: 43a (*faithne, sine*), 46 (*faithne, glaise, gloine, gráinne*), 49 (*mala*), 52 (*ionga*), 55 agus 57 (*mala*), 60 (*sine*).

Tá pointe 46, arb é an príomhfhaisnéiseoir **869P** agus an fofhaisnéiseoir a mhac-san, i gceantar Iorras Aithneach agus seasann <iəxi:> amach go láidir ann. Tréith é seo a bhaineann go canúineolaíoch le hiarthar Ghaeltacht Chonamara agus atá de réir gréasáin shóisialta na bhfais-

*f*e: vs *b*a:hi: (Mhac an Fhailigh 1968, 208), modh coinníollach *snámh* hna:fəð *f*e: vs hna:hu: (op. cit. 209). In Iorras Aithneach san iolra, msh. *teach* > t'i:fi: 44M ~ t'i(:)həwi: 44M ~ t'ihu:i:; *reithe* > rif'i: 44M ~ rohu'wi: 44M ~ rohu: ~ rohəwi: ~ roho:xi:.

néiseoirí mar a taispeánfar thíos. Tá *u:* i bpointí 52–9 de réir an choinníll cháilíochta (ach *u:* a bheith (go teagmhasach) in áit <*u:xi:*>, agus go bhfuil *u:* i ndiaidh consan leathan le *fabhra* i bpointe 59). Mar is léir ón ngráf, agus go háirithe má áirítear *u:* iarsmúil sa bhreis, agus *gréasaíoch*a is *giorriacha* a fhágáil as an áireamh, is mó i bhfad uimhir na gcomharthaí cúil ná aon mhalartach tosaigh.

Iorras Aithneach

Ó tá (*V:xi:*) suíomhnaithe go canúnach, díreofar aird ar Iorras Aithneach go sioncrónach. Tá dhá fhoshóinseálach ag an sóinseálach (*VxV*) in Iorras Aithneach maidir leis an gcéad *V* sa sóinseálach: (*əxi:*) agus (*V:xi:*). Is é (*əxi:*) an sóinseálach neodrach nó neamh-mharcáilte. Tá coinníoll siollach maidir le húsáid (*V:xi:*) *per se* agus is minic coinníoll cáilíochta maidir le cáilíocht ghuta an mhalartaigh. Is féidir an coinníoll siollach ar aicme (*V:xi:*) a shainmhíniú mar:

- Iolra > (*V:xi:* /\$1CV:(C))_, mar shampla,
 \$1Cə *lata* > *late:xi:*, *culaith* > *kolto:xi:*, *scáinne* > *skai:nt'iaxi:*,
gearradh > *g'ara:xi:*
 \$1CV: *cruinniú* > *krin'e:xi:*, *arthú* > *arho:xi:*, *gadaí* > *gado:xi:*
 \$1CV:C *Corcaíoch* > *korko:xi:*, *balliarr* 'barriall' > *bale:rəxi:*

Tá an coinníollú cáilíochta feicthe ag obair againn in ábhar LASID, is é a fhearacht sin ag Iorras Aithneach é, is féidir é a shainmhíniú mar seo a leanas:

- Iolra > *V:βcáilíochtxi:* /*C^{zcáilíocht}*_, .i.
 C^{-caol} > *iəxi:/e:xi:*msh. *bonn bu:n* > *buniəxi:*; *garla* > *garle:xi:*
 C^{+caol} > *u:xi:/o:xi:*msh. *buille* > *biL'o:xi:*; *banais* > *banʃu:xi:*

Tá na rialacha seo go léir bisiúil agus téann siad i bhfeidhm ar nua-iasachtaí, mar shampla 'bitch' *bitse* > *bitsiúcháí*, 'Conroy' *Canraí* > *Canraecháí*, 'wheel barrow' *faíl beara* > *faíl bearaecháí*, *céilí* > *céileácháí*.

Ainmfhocail le V: le hiolra in (V:xi:): Le hainmfhocail a bhfuil *V:* sa dara siolla is minic iolra acu in (*Vxi:*) go háirithe in (*V:xi:*), mar shampla:

- gréasaí gr'e:si:* > *gr'e:so:xi:* 21Pt, *gr'e:se:xi:*
giorria g'iriə > *g'iro:xi:* 16M
colbha kolu: > *kologxi:* 37J, *kole'xi* 36S
Ciarraíoch k'iarəx > *k'iare:xi:*, *k'iaro:xi:*, *k'iaraxi:*.

I gcorrffocal feictear iontá ar bun, mar shampla *barriall* > *barróllacháí*. Is minic áfach go gcoinnítear cáilíocht (agus airde) an bhunghuta. Mar is léir ó na samplaí a tugadh thuas is nuair a íslítear, nó a athraítear cáilíocht, guta na fréimhe is ea is féidir a bheith cinnte gur comhartha de (*V:xi:*) atá sa bhfoirm dhromchlach. Nuair a coinnítear airde agus cáilíocht ghuta na fréimhe is féidir an fhoirm a dhíorthú go simplí as an bhfréamh + *acháí*. Ní mór a thabhairt i gcuimhne maidir le

fianaise LASID de gur fianaise ar Ghaeilge an dá ghlúin a rugadh idir c. 1860 agus 1900 atá ann. Is féidir an réaladh iolra in *-chaí* a thástáil leis na focail *giorria* c. 151 agus c. 820, agus *gréasaí* c. 723. Aon phointe a bhfuil *-chaí* ann is é *iəxi:* an réaladh ach amháin pointe 41 áit a bhfuil <*əxi:*> ann. Is é sin le rá níl aon sampla cinnte, sa méid de LASID a seiceáladh, de (V:*xi:*) le focal a bhfuil V: sa dara siolla sa fhréamh. Is féidir *iəxi:* ann a thuiscint mar choimeád an bhunghuta agus ní gá a cheapadh gur comhartha den iolra (V:*xi:*) é. Tá samplaí i nGCF den ghuta láir tosaigh sa suíomh seo i bhfocail a bhfuil guta ard tosaigh bunaidh acu, mar shampla *béilí* > *b'e:l'e:xi:*. Tá iolra neamhfairsing *-ú* > *-aíocháí* i *scannrú* > *scannraíocháí* chomh maith le coimeád an bhunghuta in *-ú* > *-úcháí* i *míniúcháí* tugtha mar eisceachtaí i nGCF, 64. Taobh amuigh de chás seo na n-ainmneacha briathar níl aon sampla foilsithe aimsithe agam d'athrú cáilíochta ón mbunghuta mar atá coitianta sa chaint, .i. athrú (neamhstairiúil) den chineál *béilí* > *béileócháí*. Is cosúil, mar sin, ós rud é nach ann dó i LASID ná i nGCF, gur straitéis réasúnta nuálach atá ann, a d'fhéad spré ó na hainmneacha briathar b'fhéidir, ach is straitéis é atá teastaithe ag an bhfaisnéiseoir is sine a d'fhéad mé a cheistniú in Iorras Aithneach, 04F. Is féidir an t-athrú a dhátú go trialach do roimh chasadh an chéid.

Imhalarthaigh: D'fhormhór na n-ainmfhocal san aicme seo is féidir breathnú ar V: an iolra mar shínteach a bhfuil gnáthfheidhm an tsintigh aige: marcáil teorainn (shiollach) mhoirféime. Malartaíonn an guta trí spás iomlán na ngutaí. Is minic laghdaithe is gearr go foghraíochtúil é. Is iad na príomhfhoghair a aicmítear anseo den chuid is mó ná na gutaí fóinéimeacha fada uile, chomh maithe le a fhóinéimeach agus foghair neamhfhóinéimeacha [ə ə: ə] agus [a]. Níl aon teorainn shoiléir idir na malartaigh ach athrú de réir a chéile ó cháilíocht, fhad agus airde go chéile. Dá bhrí sin is iomú cineál foghair a cloistear idir na príomh-mhalartaigh, mar shampla, *iəxi:* *i:əxi:* *e:əxi:* *e:əxi:* *e:xi:* *e:əxi:* *əxi:* *əxi:* srl. Is féidir le (V:*xi:*) cómhcheangail le sintigh eile, mar shampla, *baile* > *baLT'e:xi:*, *culaith* > *kolto:xi:*, *teile* > *t'ELT'o:xi:*, *ionga* > *iqn'iəxi:*, *glaise* > *glaʃro:xi:* **glaʃN'u:xi:**. Tá liosta réasúnta iomlán anseo thíos. Tríd is tríd, mar a taispeánfar thíos agus mar a bheifí ag súil leis go diacrónach, dá shine an cainteoir is ea is forimeallaí a chuid malartach.

Stíl: Tá an chodarsnacht idir stíl neamhchúiseach agus stíl bheachtaithe le feiceáil ag roinnt mhaith cainteoirí maidir le réaladh malartach (V:*xi:*). Is minic gurb é an malartach is airde nó/agus is faide ina réimse a bheidh ag cainteoir sa stíl bheachtaithe. Mar shampla, beidh *əxi:* (sic) neamhchúiseach ag cainteoir i gcontrárthacht le *e:əxi:* nó *iəxi:* beachtaithe; tá *əxi:* go minic sa stíl neamhchúiseach ag 43M agus *a:xi:* sa stíl bheachtaithe. Ba léir tionchar litrithe nó ar a laghad caighdeáin

TÁBLA 7—Ilmhalartaigh (V:xi:)²⁸

i:	e:	a	ə: ~ e	ɑ	ɑ:	o:	u:
i:əxi:	e:əxi:	axi:	əəxi:	ɑxi:	ɑ:xi:	o:xi:	u:xi:
iəxi:	e:xi:		ə:xi:				
i:xi:			ə'xi:				
			əxi:				
Comcheangailte le deirí agus síntigh eile:							
	t'e:xi:			t'ɑ:xi:	to:xi:		
				tr'ɑ:xi:	tr'o:xi:		
n'íəxi:	n'e:xi:	n'axi:		n'ɑ:xi:	n'o:xi:	n'u:xi:	
	he:xi:			haxi:	ha:xi:	(C')hu:xi:	
r'íəxi:				ra:xi:			
					so:xi:		
Iontáite sa fhréamh, msh. <i>barriall, bonnbhualadh</i> :							
	buniəłəxi:	bare:ləxi:		buna:ləxi:	baro:ləxi:		


(sheachtraigh) ar bheirt chainteoirí ina gcur síos ar (V:xi:) nó ar fhocail a bhfuil (V:xi:) iontu. Cé gur <e:xi:> príomh-mhalartach **19P**, a bhfuil caighdeán léitheoireachta dá aois thar an gcoitiantacht aige, roghnaigh sé <əxi:> thar <e:xi:> nuair a ceistíodh go díreach é faoi (V:xi:), thug sé ‘bad grammar’ ar <o:xi:> (is é <o:xi:> is coitianta ag a dheirfiúr, **16M**, féach Graf 21). Cainteoir níos óige ná **19P**, **27C**, thug sí *iomrachaí* mar iolra le ‘ceart’ do *iomaire* ach gur *iomraeachaí* ‘a déarfás fear Chonamara’.²⁹ Níl eolas ag cainteoirí ar ilmhalartaigh uile (V:xi:), mar shampla, bhí **16M** dall ar <u:xi:> (an malartach is lú táirgeadh sa chanúint trí chéile) a bheith sa chanúint, agus níorbh fhéidir le **43M** (iníon **12C** agus **16M**, príomh-mhalartach <ɑ(:)xi:>), féach Graf 21) malartaigh a muintire a thomhais go cruinn.

Pátrúin éagsúla na gcainteoirí: Ní bhíonn an réimse is leithne leis na fo-mhalartaigh ar fad coiteann ag aon chainteoir ar leith. Malartaíonn cainteoirí maidir le méid leicseach a n-aicme, maidir lena bpríomh-mhalartach, le réimse a gcuid malartaigh, lena gcoinníollú cáilíochta agus le tromú a gcuid coinníollacha. Maidir le cainteoirí ag a bhfuil malartaigh neamhíse coitianta (.i. le *iə*, *e:*, *o:*, *u:*) is é an malartach tosaigh <e:xi> an príomh-mhalartach is mó a fhaightear in Iorras Aithneach. Tá seo in aghaidh an ghnáthphátrúin do Chonnachta i LASID, mar a chonacthas i nGraf 10, áit arb é an malartach cúil is bisiúla. Tugaim pátrúin ghlac bheag cainteoirí ionadaíocha anseo thíos. Tá an córas don chainteoir is sine dá bhfuil sonraí iontaofa agus líonmhar agam léirithe i nGraf 11, mar a bhfuil méid a chuid comharthaí aicmithe de réir na malartach atá aige agus de réir a réalta-san i ndiaidh consan caol nó leathan. Mar a bhí againn thuas d’ábhar LASID ina iomláine tig linn córas aon chainteora



²⁸ Seasann C' do leathnú consain a aicmítear ina shínteach anseo.

²⁹ Ní thagann an fhianaise seo agus fíricí eile na canúna le Ní Laoire (1988, 298, 299) maidir le ganntanas sóinseálaigh fhóineolaíochta stíle a cheapann sí don Ghaeilge.

GRAF 11—(V:xi:), 869P.



GRAF 12—(V:xi:), 04F.

GRAF 13—(V:xi:), 12S.³⁰

amháin a choimriú i bhfoirmle. Seo í an fhoirmle a thugann anuas córas 869P:

Réimse agus coinníollú <[iəxi:]> >> <[u:xi:]>
cáilíochta ar (V:xi:) leathan caol


Is léir go bhfuil <iəxi:]> i gceannas i gcóras an chainteora seo; mar a fheicfead thíos, lean a chlann dá phríomh-mhalartach. Tá córas thar a bheith éagsúil le córas 869P ag an bhfaisnéiseoir is sine dá bhfuil beo agam in Iorras Aithneach, 04F. Féach foirmle 04F a léiríonn gur <o:xi:]> a phríomh-mhalartach agus gur air is mó is léir aon choinníollú cáilíochta a bheith i bhfeidhm:

Réimse agus coinníollú <[iəxi:]> << <[e:xi:]> << <[o:xi:]>
cáilíochta ar (V:xi:) caol


Cainteoir eile a bhfuil <o:xi:]> ina phríomh-mhalartach is ea 12S. Tá réimse leathan ina dtoilleann na malartaigh íslithe <axi:]> agus <axi:]> aige. Arís is ar na malartaigh chúil <o:xi:]> >> <u:xi:]> is mó is léir aon choinníollú cáilíochta. Tá córas 12J tugtha i nGraf 14. Tá toradh (V:xi:]> an-bheag ar fad ag 12J. Formhór na bhfocal ar baill choitianta sa chanúint iad d'aicme (V:xi:]>), ag 12J baineann siad le haicme (əxi:). Is fiú laghad leicseach eisceachtúil aicme an chainteora seo a chur i gcontrárthacht, mar shampla, lena chomhaois 12S, Graf 13, agus le 64M atá

³⁰ achail = əxi:, áchail = a:xi:, áchail = axi:, àchail = axi:, éachail = exi:.


GRAF 14—(V:xi:), 12J.




GRAF 15—(V:xi:), 20MM.



GRAF 16—(V:xi:), 36S.




GRAF 17—(V:xi:), 43MP.



i bhfad níos óige ná é, Graf 18. Tá aicme bhisiúil mhór acu le taobh 12J. Ach dá laghad toradh (V:xi:) aige tá malartaigh arda agus neamhíslé aige, is é sin <i>iəxi:</i> agus <i>o:xi:</i>, réimse atá sách 'coimeádach' agus a fhreagraíonn dá aois. Sa mhéid is gur tanaí (V:xi:) aige d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil a chóras 'forásach' mar gheall go laghdaíonn ar bhallaíocht leicseach na haicme (V:xi:) sna glúinte a rugadh i seascadaí an chéid seo agus ina ndiaidh. Ar an lámh eile de gach seans gur seanmhionlach sa chanúint le fada daoine a bhfuil (əxi:) >> (V:xi:) acu. Is cosúil gur cainteoir ionadaíoch go maith dá haoisghrúpa 20MM a bhfuil an córas tipiciúil d'Iorras Aithneach aici, is é sin pátrún *débheannach neamhard* atá ceannasach chun *tosaigh* le coinniollú cáilíochta ar an malartach cúil. Tá córas *aonbheannach* tosaigh ag 36S (Graf 16), an deartháir is óige ag 20MM. Tá córas aonbheannach cúil ag 43MP. Is san aoisghrúpa seo a fairsingíonn córas aonbheannach. Léiríonn graf 64M go bhfuil réimse réasúnta leathan aige de mhalartaigh


GRAF 18—(V:xi:), 64M.



íslithe, ó <e:xi:> go <o:xi:>, agus gur <axi:> a phríomh-mhalartach; ní gá mar sin go mbeadh córas aonbheannach fiú i nglúin an-óg. Is féidir cuid mhaith de na pátrúin phearsanta a taispeánadh do na cainteoirí ionadaíocha seo a mhíniú ar chúinsí sóisialta mar a pléifear thíos i dtaobh gréasán agus aois an chainteora.

Diacrónachas agus athrú idirghlúineach in Iorras Aithneach:

Aistriú agus teacht i gcóngar: Tá dhá mhodh athraithe sainmhínithe ag teangeolaithe i gcumasc foinéimeach a bhaineann le hábhar anseo, aistriú díreach ó fhóinéim amháin go fóinéim eile nó teacht na bhfóinéimí i gcóngar a chéile (féach gluais thuas). Is féidir an dá mhodh seo a fheiceáil i bhforás an chumaise mhoirfeolaigh (V:xi:) → <əxi:>. Tá aistriú i gceist, ar bhealach, nuair a haistrítear na fo-mhalartaigh san aicme go dtí aon mhalartach amháin. Tá aistriú, níos soiléire, i gceist nuair a cailltear an aicme ar fad agus a aistrítear na focail go dtí <əxi:> ach go háirithe. Ar bhonn na moirfeolaíochta, ar ndóigh, is cothromú é seo ('morphological leveling')—tá deireadh iolra dá chailleadh. Is é an modh is forleithne san fhianaise, ámh, ná *teacht i gcóngar* na haicme (V:xi:) do <əxi:>. Is íslíú foghraíochtuil trí spás iomlán na ngutaí atá i gceist mar a léiríonn an diagram seo:



Is é seo an forás dinimiciúil is léir ón staidéar diacrónach, comparáideach agus idirghlúineach. Ós rud é gur coitianta <o:xi:> ná <e:xi:> i LASID agus gur <u:xi:> is gainne in Iorras Aithneach, go háirithe má chuirtear i gcomparáid le <iəxi:> é atá coitianta, is féidir a mhaíomh ghur fhorás íslíú an ghuta chúil ní ba tréine ná íslíú an ghuta thosaigh. Go teicniúil in Iorras Aithneach is feidhm <e:xi:> de <o:xi:>, .i. má tá malartach tosaigh agus cúil ag cainteoir agus má tá an malartach tosaigh meáin <e:xi:> aige caithfidh an malartach cúil <o:xi:> (nó níos ísle) a bheith aige. Is gné é seo a bhaineann le forás comhthreomhar idir baill chórais ach ball amháin a bheith níos forásaí ná ball eile (féach, mar shampla, Bynon 1978, 212). Bunaithe ar na céadta cainteoirí in Iorras Aithneach,

is féidir dátaí beacht go maith a cheapadh maidir leis an gcainteoir is sine atá teastaithe i dtaobh malartaigh nó córas malartach ar leith. Is iad na *termini post quem* maidir le hairde agus cáilíocht an V: (is féidir a chinntiú ón bhfianaise atá bailithe go dtí seo) i gceantar Iorras Aithneach ná:

<i>Malartach íslithe</i>	<i>Dáta breithe an chainteora</i>
e:əxi: o:xi:	1878
ɛxi:	1902
ɑ:xi:	1905
axi:	1912
ə'xi: øxi:	1916

Is iad na *termini post quem* maidir le luach an phríomh-mhalartaigh/na bpríomh-mhalartach ná (taobh amuigh de **869P** ní féidir a bheith cinnte den fhianaise go dtí 1904):

<i>Príomh-mhalartach/mhalartaigh</i>	<i>Dáta breithe an chainteora</i>
?<iəxi:>	1852
?<u:xi:>	1866
<iəxi:>	1869
?<e:xi:><o:xi:>	1887
?<e:xi:><u:xi:>	1902
<e:xi:><o:xi:>	1904
<e:xi:>	1905
<o:xi:>	1916
<ɑ:xi: axi:>	1943
<axi:>	1952
<axi:>	1964

Maidir le haon mhalartach amháin a bheith ag cainteoir is iad **26PC** <e:xi:>, **36S** <e:xi:>, agus (**37J** beagnach <o:xi:> ar fad) **43MP** <o:xi:> na chéad chainteoirí a léiríonn pátrún aonbheannach. Mar sin is í an bhliain 1926 an *terminus post quem* d'fhorás an chórais aonbheannaigh. Tabhair faoi deara gur malartach meáin (le e: nó o:) atá ag cainteoirí aonmhalartaigh. Ciallaíonn na *termini* seo, ar ndóigh, gur liostaí iad de na cainteoirí is forásaí atá aimsithe maidir leis an sóinseálach seo. Mar shampla, is í **16M**, a rugadh i 1916, an cainteoir is sine atá aimsithe agam ar <o:xi:> a príomh-mhalartach. Tá cainteoirí níos óige ná í a bhfuil an príomh-mhalartach (coimeádach) <iəxi:> acu, mar shampla, **27M**.

Tapúlacht idirghlúineach íslithe airde an ghuta: D'ísligh iə agus u: níos tapa sa suíomh moirfeolaíoch seo ná iə agus u: sa suíomh céanna fóineolaíoch ach a raibh feidhm eile moirfeolaíoch acu, mar shampla, aidiachtaí san iolra, -íocha, -úcha, -úla. Is sampla clasaiceach é seo d'fhorás 'fóineolaíoch' coinníollaithe go moirfeolaíoch.³¹ Ní móide nó tá


³¹ Tá, ar ndóigh, cásanna eile ina dtarlaíonn malartach íslithe, mar shampla, sa darna réimniú san fháistíneach (óidh) → <o:> > > <ɑ:>; bainteach leis sin sa darna réimniú 2 pearsa uatha foshuiteach caite is coinníollach (óthá) → [<ɑ:>] > > [<ɑ:ha:> <əha:>] > >

baint ag minicíocht ard na bhfoirmeacha áirithe iolra seo le míniú an scéil. B'fhéidir go bhfuil míniú éigin le fáil freisin sa rud a dtugann Labov (1994, 588) an 'falach malartach' air ('envelope of variation'). Ó thaobh an té atá ag baint adhmaid as comhartha iolra den déanamh Vxi: is féidir leis súil a bheith aige le réimse gutach ó *iə* go *ə* go *u:*. Ós í *ə* an luach neamh-mharcáilte sa suíomh seo d'fhéadfaí braistint guta ard an chomhartha a ísliú dá bharr. Tá baint ag an téis seo freisin le tréine íslithe an ghuta chúil ach go háirithe. Tá iarmhír neamhspleách iolra *-i* ann le hairde an ghuta thosaigh a thacú don chainteoir agus don éisteoir ach níl iarmhír bhisiúil chúil *-ú* ann, mar sin b'fhusa airde <u:xi:> a chongarú i dtreo <əxi:>. B'fhéidir nach dtarlaíonn an t-íslíú seo ar <u:xi:> (chomh coitianta céanna) in oirthear na Gaillimhe, áit a bhfuil u: neamhspleách iolra (<-abh < -ibh), níl aon sampla de <o:xi:> aimsithe i LASID agam don cheantar sin (féach an plé ar LASID thuas). Ach tá <o:xi:> sa chanúint mheasctha in oirthear Mhaigh Eo áit a bhfuil u: choimeádach.

Gréasáin chainteoirí ionadaíocha: Má scrúdaítear an córas (V:xi:) atá ag cainteoir i gcoibhneas na muintire ar di é feictear go minic go leanann an teaghlach an córas céanna nó córas an-ghaolmhar. Scrúdófar anseo trí cinn de ghréasáin theaghlaigh. Tá idir sé bliana déag agus sé bliana déag is dá fhichead de bhearna ama idir an ball is sine is an ball is óige sna gréasáin. Is iad an chlann is doimhne i dtaobh ama ná clann Mhacaí 'ic an Iomaire. Tugaim graf a gcuid úsáide thíos. Is deartháireacha **869P** is **875T**. Tá fianaise maidir le **875T** an-teorannta ar fad agus tugaim luach 100% sa ghraf dó díreach mar gheall gur <iəxi:> an t-aon mhalartach aige de réir na fianaise sin. Clann iníon do **869P** iad **08B** agus **15W**. Clann mhac do **875T** iad **20J**, **22T** agus **25M**. Tá siad ar fad ina gcónaí san áit ar tógadh iad i bhfoisceacht dhá chéad slat dá chéile ar An gCoillín, cé go raibh cónaí fada ar **08B** agus **15W** i Meireacá agus ar **20J** i Sasana. Is léir gur féidir cur síos ar an dá ghlúin cainteoirí seo mar mhuintir <iəxi:>, agus sin é a saintréith sa sóinseálach seo. Maidir le difríochtaí idir na cainteoirí is léir go méadaíonn <e:xi:> sa dara glúin tuairim is i ndéaga an chéid seo. Tá <u:xi:> lag ariamh ann, teastaithe ag **869P** amháin, ach tosaíonn <o:xi:> ag teacht chun cinn sna ficheadaí agus tá sé suntasach go maith ag an gcainteoir is óige. B'fhéidir gur féidir le <o:xi:> 'seachtrach' teacht isteach i ngréasán gan <u:xi:> a bheith mar

[<o:ha:>] srl; is minic go gcúisíonn coguasach ísliú gutaí agus ní iontas ísliú roimh *ch* sa Ghaeilge, msh. *béiciúch* b'e:k'u:x >> b'e:k'o:x; *Ciarraíoch* k'iaríəx >> k'iarə:x; srl. Tá ísliú gutaí neamhaiceanta coitianta i stair na Gaeilge, msh. is tréith shainmhínte Mheán-Ghaeilge é. Tá coinníollú moirfeolaíoch coitianta leis, msh. *-éan* > *-án* sa Nua-Ghaeilge. Ach is í forbairt an *é*-fháistínigh sa Mheán- is sa Nua-Ghaeilge an tsamhail stairiúil is fearr do (V:xi:) (cf. 'Protean' 'subdivisions' Jackson 1976, 99, aidiacht mhaith do (V:xi:) freisin) maidir le (i) sóinseálach le malartaigh ó fhoinsí éagsúla, (ii) réimse mór sa spás gutach, (iii) suíomh sa dara siolla, (iv) iontá sa siolla sin, (v) comhcheangal le marcálaithe eile moirfeolaíocha, (vi) díshamhlú cáilíochta idir an réamhchonsan agus guta an *é*-fháistínigh. B'fhéidir gurb í feidhm an díshamhlaithe ba chúis le leathadh *é* in áit *é* (cf. an chuid de cheist Jackson, op. cit. 103, 'why it ousted *é*', nár fhreagair Greene 1978).

GRAF 19—(V:xi:) go céatadánach, clann Mhacaí 'ic an Iomaire.





phríomhfhoinsé inmheánach air. Is dóichí nach as <u:xi:> íslithe an ghréasáin theaghlaigh a tháinig an méid mhór <o:xi:> ag an gcainteoir is óige, **25M**, ach, b'fhéidir, as an ngréasán pobail a chuaigh i bhfeidhm air. Le linn ceistneora a chur ar **25M** d'ardaigh ar thoradh <iəxi:> de réir a chéile. B'fhéidir gur fianaise é sin gur <iəxi:> is fearr leis sa stíl bheachtaithe, (malartach chlann Mhacaí). Le **25M**, mar sin, tá úsáid ard <iəxi:> a fhreagraíonn do ghréasán chlann Mhacaí, ach ar an lámh eile de úsáid ard <o:xi:> arbh fhéidir gur tionchar seachtrach is siocair leis. In úsáid na ndeartháireacha, mar sin, **20J–25M**, .i. spás cúig bliana, feictear córas aonbheannach, nach mór, tromaithe chun tosaigh atá ag na seanchainteoirí, **869P–15W**, .i. córas nár athraigh mórán ar feadh sé bliana is dá fhichead, dá athrú ina chóras débheannach.³²

Is iad an chéad chlann eile ná clann Mhaidhcil Mhaitiú Uí Mhaoilchiaráin. Deirfiúracha, **20MM** agus **29C**, agus deartháireacha, **26PM** agus **36S**, atá sa chlann seo atá ina gcónaí i leath thiar Mhainse. Is léir gur clann <e:xi:> iad. Chomh maith leis sin de réir mar théann na cainteoirí in óige maolaítear toradh <o:xi:> go dtí sa deireadh nach mbíonn sé ar chor ar bith ag **36S** an mac is óige. Dála an scéil ag an am a rabh <o:xi:> dá chailleadh ag clann Mhaidhcil Mhaitiú bhí sé ag méadú i gclann Mhacaí.

Seán (as Carna) agus Máire (as Mainis) Chúláin agus a gclann (as an Aird Mhóir agus Mainis) a scrúdófar anois. Is iad an t-aon teaghlach atá

³² Tá roinnt tréithe deisceartacha ag clann Mhacaí. Is féidir a mhaiomh go logánta gur tréith dheisceartach <iəxi:> freisin. Mar sin b'fhéidir forás an chórais dhébheannaigh i **25M** agus méadú tháirgeadh an mhalartaigh chuíl go háirithe a thuiscint mar 'thuaisceartú' nó mar 'chonnachtú' sheanchóras na clainne a tharla i ndiaidh 1925. Tá fianaise na máithreacha, bean **869P** agus bean **875T**, ina easnamh mór anseo maidir le (V:xi:), b'fhéidir gur uathu a shíolraigh an <o:xi:>, b'fhéidir gur lean **25M** do chaint a mháthar níos mó ná a chuid dreatháireacha.

GRAF 20—(V:xi:) go céatadánach, clann Mhaidhcil Mhaitiú Uí Mhaoilchiaráin.

GRAF 21—(V:xi:) go céatadánach, Seán agus Máire Chúláin agus a gclann.³⁴

agam go fóill a bhfuil fianaise faoin athair agus faoin máthair.³³ I gcontrárthacht leis an dá theaghlach atá pléite thuas againn is sa spás

³³ Is uathu a d'fhoghlaim mé an chuid is mó de mo chuid Gaeilge, ó 1976 ar aghaidh, ach ní bhfuair mé tuiscint ar chóras a sóinseálaigh (V:xi:) go dtí 1994 i leith! Thánaig trí ní le chéile a dhúisigh mo thuiscint is spéis in (V:xi:)... Bhí mé ag cur súil ribí, bhí Seán (12S) bodhar go maith, chaith Máire (16M) a foirm iolra shainiúil a athrá go hard dó: 'Cé le haghaidh aige iad?' a deir Seán. A deir Máire: 'Le haghaidh su:l' rib'ə'xi:, su:l' rib'əxi:, su:l' rib'o:xi: srl'. An tráthnóna sin bhí liosta focal déanta amach agus Máire dá fiosrú, ba é <o:xi:> a príomh-mhalartach.

³⁴ Seasann áchaí anseo do axi:/a:xi:.

gutach cúil is mó atá malartaigh ag an teaghlach seo. Má chuirtear pátrún an athar agus na máthar, thuas, i gcomparáid le pátrún na clainne, thíos, feicfead gurb é an t-athair, 12S, is láidire maidir leis an spás tosaigh—tá beagán <iəxi:> agus roinnt mhaith <e:xi:> aige. Ach níl <iəxi:> ar bith ag an máthair, 16M, cé go bhfuil beagán <e:xi:> aici. Is é an malartach is mó atá ag an mbeirt ná <o:xi:>. Níl aon <u:xi:> (nó fíorannamh ag 125) acu agus níl ach ríbeagán <a:xi:> agus <axi:>. Le breathnú ar chóras a gclainne seo feictear go bhfuil an spás tosaigh ionann is folamh acu. Ach tá toradh bisiúil ar <a:xi:>/<axi:>. Is cosúil go gcailleann an chlann na malartaigh thosaigh beagnach ar fad i bhfabhar leagan íslithe de príomh-mhalartach a muintire, (malartach atá ceannasach go suntasach go háirithe ag a máthair).

De thátaí mar sin ar a bhfuil pléite faoi shrathú aoise agus ghréasán is féidir a mhaíomh: gur dhá thionchar shóisialta thábhachtacha ar réaladh (V:xi:) aois agus gréasán (teaghlaigh) cainteora.

6. GAOLMHAIREACHT NA SÓINSEÁLACH ÉAGSÚIL


Tá tuairisc chomair déanta anois ar cheithre shóinseálach iolra agus níor mhiste beagán léirithe a dhéanamh ar choibhneas na sóinseálach éagsúil i ndeirí coimpléascacha comhcheangailte. Mar a dúradh sa réamhrá is foirmeacha comhcheangailte agus athchomhcheangailte cuid mhaith d'fhoirmeacha iolra na Gaeilge. Bheifí ag súil mar sin go mbeadh idirphlé casta idir na coinníollacha agus na tromuithe éagsúla atá bainteach le heilimintí aon fhoirme iolra ar leith. Luadh beagán thuas faoin idirphlé idir na síntigh, t, r agus V:, agus an deireadh (VxV). Pléifear i dtosach an sóinseálach (V) lena réaladh in <ə> agus <i:> agus an gaol atá aige le (VxV) agus réaladh an -V deiridh in <Vxə> nó <Vxi:>.

(VxV) → <Vxi:><Vxə>


Ar an gcuid is bisiúla tá dhá mhórchoinníoll ag obair maidir le réaladh na malartach don sóinseálach seo, is é sin toirt fhóineolaíoch an tamhain, coinníoll a bhaineann, i bplé an ailt seo ach go háirithe, le (VxV) go príomha, agus an chúltimeallacht, coinníoll a bhaineann le (V) go ginearálta. Is sampla maith é seo den ghá atá leis an anailís ilsóinseálach ('multivariate analysis') ach níorbh acmhainn dom sin a dhéanamh fós.³⁵ Leanann 878C an coinníoll siollach go lag maidir le (VxV), is é sin le rá go bhfuil an cóimheas <Vxə>: <Vxi:> níos mó aige le tamhain ilsíollacha seachas le tamhain aonsíollacha. Is léir, áfach, fiú ón nglac bheag samplaí atá againn uaidh, Graf 22, gur tréine <Vxi:> roimh ghuta agus phausa (gan uimhir na síollaí sa tamhan a thabhairt san áireamh). (Tá <V:xə> sa chothromóid seo freisin, ar ndóigh, mar a

³⁵ Tá cosúlachtaí spéisiúla idir cailleadh s deiridh i gcairn an Bhéarla, mar shampla maidir le coinníollú fóineolaíochtúil, moirfeolaíochtúil agus cúltimeallachta, agus (VxV) na Gaeilge. Do s an Bhéarla féach an suimiú in Guy (1991).

GRAF 22—(VxV) maidir lena chúltimpeallacht, 878C.



GRAF 23—(VxV) maidir lena chúltimpeallacht, 26PM.



fheicfeadh thíos.) Tá an guta deiridh in (VxV) ag 878C, mar shampla in *áiteacha*, faoi réir ag an gcoinníoll céanna is atá an deireadh neamhspleách (V), mar shampla, in *cluasa*. Dá réir sin is léir ar a laghad trí choinníoll theangeolaíochtúla ag feidhmiú ar na h-íolraí samplacha seo a leanas ag 878C sa chaint thaifeadta a rinne sé leis an mbailitheoir béaloideasa Proinsias de Búrcá: *daoiní as ach daoine maithe*; *i ngloineóchaí é ach snáithéacha tairní (tarraingthe)*; *áiteachaí + pausa* agus *iomaireacha ceapthaí agus neantóga is driseachaí + pausa*:

- (i) an coinníoll (teagmhasach) *cáilíochta* ag cinntiú cáilíocht an ghuta fhada in (V:xi:);
- (ii) an coinníoll teagmhasach *cúltimpeallachta* ag cinntiú ə nó i: deiridh sa dá shóinseálach (V) agus (VxV);³⁶
- (iii) an coinníoll *siollach* ag cúisiú dóchúlacht níos airde <Vxə> a bheith in *iomaireacha seachas áiteachaí*.

Facthas sa phlé a bhí ar <əxə> agus <əxi:> i gclann Mhaidhcil Mhaitiú (Graf 8), gurb é 26PM a sheasann amach as an ngréasán maidir lena nuálaí is a bhreathnaíonn a phátrún le méid mhór <əxi:>. Ach níl a chothromú dealraitheach gan coinníoll. Tá an coinníoll siollach maidir le <əxi:> láidir ag 26PM, is é sin le rá go bhfuil <əxi:> catagóireach le haonsiollaigh aige ach teagmhasach le hilsíollaigh. Maidir leis na hilsíollaigh tá a réaladh spleách ar a suíomh san abairt. Roimh chonsan faightear <əxə>, faightear <əxi:> den chuid is mó roimh ghuta agus phausa (sa mhéid bheag samplaí atá agam uaidh). Nuair a cuirtear 26PM

³⁶ Tá sé le fáil amach fós an mar a chéile scála agus ráta ə ~ i: maidir leis an dá shóinseálach (V) agus (VxV), ach b'fhéidir nach leor a bhfuil de shamplaí againn le 878C. Níl tuilleamaí (VxV) ar chúltimpeallacht oibrithe amach fós agam ach do 878C agus 26PM.

i gcomparáid le **878C** (cainteoirí as aicme C agus A faoi seach, Tábla 6) maidir leis an sóinsealach seo feictear nach gá don dá choinníoll ar $\langle Vx\grave{x}\rangle$, siollach agus cúltimpeallachta, a bheith sa choibhneas céanna impleachtúil ag gach cainteoir. Don bheirt seo tá an chúltimpeallacht tábhachtach maidir le réaladh $\langle Vx\grave{x}\rangle$, le gach cineál focal ag **878C**, ach teoranta d'ílsiollaigh ag **26PM**. Is é sin go bhfuil an coinníoll '\$2' teagmhasach ag **878C**, ach go bhfuil sé ina chuid de struchtúr na rialach ag **26PM**,³⁷

878C: $(VxV) \rightarrow n\langle Vx\grave{x}\rangle$; $n = feidhm$ (\$2, cúltimpeallacht)

26PM: $(VxV) \rightarrow n\langle Vx\grave{x}\rangle / \$2_;$ $n = feidhm$ (cúltimpeallacht)

$\langle VxV \rangle$ agus $\langle V:x\grave{x}\rangle$: De réir an scála impleachtúil bunaithe ar thoirt fhóineolaíoch focail a rinneadh amach thuas do (VxV) , agus a thugaim anseo arís:

$(V:xi:) << \$1C\# << \$1 + sínteach << coimrithe << \2

is féidir a thairngreacht maidir le hoibriú $\langle VxV \rangle$ agus $\langle V:x\grave{x}\rangle$ ar a chéile gur i bhfocal coimrithe nó ilsiollach is mó atá dóchúlacht ar réaladh $\langle V:x\grave{x}\rangle$. Is mar sin atá an t-aon sampla ag an mbeirt chainteoir ar bunaíodh an scála sin $\langle \grave{x}x\grave{x}\rangle$ orthu, **20C** agus **29C**. Is san fhocal coimrithe céanna atá an t-aon sampla sin acu beirt: *banais* → **ban** *fe:x\grave{x}*.

Coimpléascacht díorthaithe (VxV) : $(V|x|V)$, $(V|xV)$, (VxV) : Gan iolraí in -*annaí* a chur san áireamh is féidir na comhchoibhnis pharaidímeacha idir (V) , (VxV) agus $(V:xi:)$ a rangú le teacht ar thuiscint maidir le coimpléascacht díorthaithe (VxV) de réir fochóras éagsúil cainteora. Déantar iarracht ar na gaolta sin a léiriú le saighid sna diagraim thíos. Tá trí pháirt shoiléire inanalísithe in $(V|x|V)$, sa chóras is casta, **I**, atá, mar shampla, ag **878C**. Níl na trí pháirt chomh hinanalísithe céanna i gcóras **II**, dream nach bhfuil tionchar na cúltimpeallachta le sonrú ar (VxV) agus dá bhrí sin gaol soiléir le (V) ar iarraidh. Tá dhá pháirt inanalísithe i gcóras **III** mar a bhfuil dhá mhalartach dhromchlacha $\langle \grave{x}xi: \rangle$ agus $\langle V:xi: \rangle$, an córas is coitianta. Is é **IV** an córas is simplí, tá sé ag go leor den dream is óige a rugadh sna seascadaí agus ina dhiaidh sin, anseo tá (VxV) níos gaire do bheith ina dheireadh neamhspleách, simplí, iolra gan

³⁷ Sampla é seo de chuid roghnach de riail dá athrú ina chuid riachtanach (sa timpeallacht in anailís struchtúrtha na rialach), forás atá coitianta i leathnú nuála (mar shampla, Labov 1972, 276–7; Bynon 1978, 211). Is féidir cur síos ar an leathnú atá ar $\langle Vxi: \rangle$ idir **878C** agus **26PM** mar sin:

878C: $(VxV) \rightarrow n\langle Vxi: \rangle$; $n = feidhm$ (\$1, \$2, cúltimpeallacht)


26PM: $(VxV) \rightarrow n\langle Vxi: \rangle / *\$1_;$ $n = feidhm$ (\$2, cúltimpeallacht)

(Seasann * do ghné chatagóireach i riail theagmhasach.)


Ach ós rud é gur dhá thaobh den bhilleog chéanna leathnú nuála is cingú seanfhoirme feictear an t-athrú struchtúrtha céanna ar bun nuair a scrúdaítear cailleadh raoin foirme coimeádaí, mar atáthar a scrúdú i gcás seo $\langle Vx\grave{x}\rangle$.

de réaladh aige ach aon fhoirm dhromchlach amháin. Chomh maith leis an aontomhaisiú paraidímeach ó I go dtí IV simplíonn na córais ó I go dtí IV go siontagmach freisin sa mhéid is go bhfuil coinníollú siontagmach (.i. cúltimpeallachta) i gcóras I amháin.


I



II



III



IV

$$(VxV) \rightarrow \langle \text{əxi} \rangle$$

Is fianaise an tsraith chórais seo ar cheithre fhoghramadach dhifriúla shioncrónacha ar a laghad a bheith sa chanúint maidir le (VxV) . Ar leibhéal láithreach follasach tá allamoirféimí dromchlacha éagsúla ag difreáil cainteoirí. Ach ar leibhéal comhdhéanamh agus gaolmhaireacht na n-allamoirféimí i gcóras indibhidiúil cainteora tá éagsúlacht ann maidir le hinanailiseacht an chórais sin. Fiú ar an leibhéal dromchlach is simpliú cuid mhaith an plé thuas, maidir le $(V: xV)$ ach go háirithe mar tá fianaise láidir ann gurb é an bunús atá le $(V: xV)$ ná

$$V: (\text{sínteach}) + \text{əxV} (\text{deireadh})$$

i roinnt cásanna fiú

V: (deireadh) + əxV (deireadh)

mar shampla, *lata* → *lataí* ~ *lataíocháí*, *gearrchaile* → *gearrchailiú* ~ *gearrchailiúcháí*.

Go foghraíochtúil is minic na malartaigh thosaigh neamhísle tríshiollach, .i. *i:əxi:*, *e:əxi:*. Agus tá, mar shampla, *sine* → /'ʃin' 'e: 'ə 'xi:/ *sinéacháí* i gcaint bheachtaithe bhéimnithe ag cainteoir amháin (19P) ar a laghad.

7. BUANNA NA HANAILÍSE SÓINSEÁLAÍ

Ní miste cuid de bhuanna na hanailíse seo maidir le sainmhíniú iolra an ainmfhocail i gcanúint Ghaeilge a bhéimniú agus a leathnú de bheagán ag an bpointe seo.

Feabhas ar an gcur síos deilbhíochtúil

(i) Mar atá ráite ag sochtheangeolaithe agus canúineolaithe ar nós Thrudgill (1983, 33ff) ní leor an tseanpharaidím fiú ar an leibhéal tuairisciúil. Is léir go bhfuil an raon foirmeacha iolra sa Ghaeilge i bhfad níos ilghnéithí ná a tuairiscíodh roimhe so. Mar shampla níl tuairisc sna monagrafaí ar *dhreithiúracha* i gConamara ná *bainsiúcháí* ná *alltacháí* a bheith i gcanúint Ghaeilge ar bith, ná ar an raon leathan atá, mar shampla, *agglaise gla fə* → *gla fəxə gla fəxi: gla fɪ:ə.xi: gla fɪəxi: gla fɛ:əxi: gla fɛ:xi: gla fɛ:xə gla fɛxi: gla fəxi: gla fɜ:xi: gla fɜ:xə gla fɔ:xi: gla fɔ:xi: gla fəxi: gla fɾəxi: gla fɾe:xi: gla fɿ'u:xi: glasre:xi: glaskəni: glasnəxi* srl.

(ii) Ar leibhéal an hanailíse, sa chur chuige traidisiúnta neamh-chainníochtúil ní déantaí den chuid is mó ach liostáil; go raibh tréith *x* ann nó as. Má bhí malartaíocht i gceist b'ionann sin cuid mhaith agus 'saormhalartaíocht'.³⁸ Sa chur síos cainníochtúil tá tuiscint i bhfad níos iomláine againn ar chóras dinimiciúil, céimseach, impleachtúil. Is féidir roinnt comparáide a dhéanamh anseo idir an dá chur chuige maidir le trí shóinseálach iolra.

(r) Is ar éigean má bhí plé ar bith cheana ar an sóinseálach seo. Tá cuid dá thréithe dinimiciúla, céimseacha agus impleachtúla léirithe thuas.

(V) Tugann ár gcuid anailíse a bhfuil ráite ag scoláirí eile chun cruinnis. Mar shampla ní luaitear ach leagan gearr den choinníoll do cheantar Iorrais in Ó Siadhail (1989, 140–1) nár mhór a bheachtú le 'attributive element with initial consonant' ó Mhac an Fhailigh (1968, 191), agus féach ar dúradh faoi Wigger (1970, 68) thuas.

(V:xi:) Go dtí seo ba é GCF an tuairisc ba leithne ar na deirí iolra *-íocháí* ~ *-éacháí* agus *-úcháí* ~ *-ócháí*. Cé gur thug de Bhaldraithe 'comhfhoirmeacha' ar na péirí ar chomhcháilíocht níor thug sé aon téarma clúdaigh do na ceithre deirí trí chéile. Ach is léir óna chuid samplaí go mbeadh súil leis na ceithre deirí i bhfocail áirithe. Tá *-íocháí* agus *-úcháí* sna focail seo i nGCF: *bonn*, *teanga*, *gloine*, *cuisle*, *faithne*, is

³⁸ Mar shampa, le deireannas luaigh Ó hUiginn (1994, 573) saormhalartaíocht a bheith i gceist maidir le hiolraí i gConnachta.

cosúil mar sin gur féidir sóinseálach amháin a cheapadh dóibh i gcanúint Chois Fharráige. Maidir le scoláirí eile is beag plé atá ag Wigger (1970) orthu agus ní luann sé iad le roinnt focal a bhfuil (V:xi:) acu ina chuid ábhair thaifeadta. Is é Hickey (1985, 159–61) an chéad duine a thug ainm clúdaigh ar mhalartaigh (V:xi:): ‘infix vowel’, agus a thug an cuntas ba grinne go dtí sin ar a cháilíochtaí. Ach ní fhreagraíonn an ráiteas ‘the mid vowels are decidedly less common’, áit a bhfuil tagairt do GCF, 47, ní fhreagraíonn sin go maith do ráiteas de Bhaldraithe gur ‘coitianta de bheagán’ na gutaí arda. Is de bharr a chuid neamhchruinnis ghinearálta ar chúrsaí leicseacha is féidir leis a rá gur ‘only if the stem has an extending suffix, such as /a:l’/, ... is the occurrence of a long vowel before /x/ impermissible’. An amhlaidh gur ceadmhach *áitíocháí, *cathaoireócháí agus *alltrúcháí?³⁹ Deir Hickey ‘the long vowel does not occur with loan-words’ ach chonacthas thuas nach fíor sin. Ní miste a lua go bhfuil an easpa eolais i dtaobh a chuid foinsí ina chonstaic mhór san alt trí chéile. Is tréith chanúnach, mar shampla, *ola* → *olīaxi:* (amháin i nGCF) seachas *olu:xi* (Hickey) ach tá an fhaisnéis is gá ceilte orainn aige. (Féach freisin fonóta 43, leathanach 200, agus ar dúradh faoi Ó Siadhail thuas.)

Feabhas ar an gcur síos sochtheangeolaíochtúil

Deir Trudgill ina leabhar *On Dialect* (1983, 34ff) ‘dá mhéad dá mbeidh fhios is amhlaidh is mó is féidir a fháil amach’; nath a bhfuil a chruthú léirithe se pháipéar seo:

- (i) Tá athrú san am cinnte agus san am dealraitheach léirithe agus dátaíthe go beacht do dhá shóinseálach iolra.⁴⁰
- (ii) Tá agus athrú pátrúnú maidir le gréasáin chainteoirí léirithe freisin agam. Tá tábhacht an ghréasáin theaghlaigh ach go háirithe tugtha chun grinnis.
- (iii) Tá léirithe cé mar is féidir tabhairt faoi shainmhíniú spás iolra an duine indibhiúil, agus dá bhrí sin spás gramadaí aon chainteora, nó fiú aon chanúna, ar leith a shainmhíniú.
- (iv) Tá marcáil stíle maidir le (V:xi:) agus stíle is réime maidir le (Ṽ) luaite go ríochomair agam.

Feabhas ar an gcur síos canúineolaíoch

Is deis thábhachtach chumhachtach an anailís shóinseálach don fhiosrú canúineolaíoch. Is féidir an anailís seo a chur i bhfeidhm ón mbuntomhas is mine, cainteoir amháin, go dtí an buntomhas is leithne,


³⁹ Ní léir go cinnte céard is brí le ‘impermissible’ i gcomhthéacs ailt Hickey. Maidir le ‘cead’ an chainteora de is féidir raon an-leathan a bheith ag foirmeacha ‘ceadmhacha’; foirmeacha nach n-úsáidfeadh an cainteoir ach atá taobh istigh dá ‘chumas teangan’. Mar shampla, tugann 16M ‘cead’ do <e:xi:> nó/agus <o:xi:> (±sintigh eile) le *ainm*, *meall*, *package*, *tuairisc*, ach ní thugann le *ail*, *cathaoir*, *cuismeig*, *méir*, *reilig* cé nár teastaíodh a leithéidí aici as a stuaim féin is nach dóichí go dteastóifí. Tá córas spéisiúil leicseach agus sóinseálach leis an gcead seo do (V:xi:) ag 16M.

⁴⁰ Sa phlé ar chlann Mhacaí ‘ic an Iomaire chonacthas cé mar is féidir (roinnt) tréithe agus athruithe i ngréasán teaghlaigh a shainmhíniú go canúineolaíochtúil.

ceantair éagsúla. Dá bhrí sin ba díol spéise scrúdú comhthreomhar a dhéanamh ar fhianaise canúintí eile maidir leis na sóinseálaigh a pléadh sa pháipéar seo. Sa chuid dheireanach den tuairisc seo déanfar leathnú ar phlé na sóinseálach (tr), (VxV) agus (V:xi:), ar na ceisteanna taighde a ardaítear agus ar na freagraí is féidir a thabhairt.

(tr) i LASID: Léiríodh thuas go raibh difríochtaí idir cainteoirí in Iorras Aithneach maidir leis na síntigh <tr> seachas <t> a úsáid. Ní nach iontas tá a mhacasamhail de dhifríocht le feiceáil ar an leibhéal tíreolaíochtúil. Don phlé comparáideach seo seiceáladh na focail atá i dTábla 8 thíos.⁴¹ Maidir le Condae an Chláir agus Cúige Chonnacht de (pointí 22–62, 87 LASID) is léir gur tréine <tr> in iarthar an limistéir ná san oirthear. Tá pointí (san oirthear den chuid is mó) ar beag a dtoradh ar <tr>, tá pointí a bhfuil cóimheas <tr> agus <t> cothrom go maith, tá pointí eile fós (san iarthar den chuid is mó) arb é <tr> is láidre. Tá na cóimheasa seo léirithe go céatadánach sa ghráf seo thíos le pointí samplacha.

GRAF 24—Pointí i LASID maidir lena n-úsáid chomhréireach de <tr> vs <t>.



Ar ndóigh, tá gaol agus impleachtaí idir an plé a bhí againn d'Iorras Aithneach agus an plé ar leibhéal tíreolaíochtúil níos leithne maidir le ballraíocht leicseach aicme (tr). Mar a dúradh tá focail a bhfuil <tr> go minic iontu agus focail eile ar minicí <tφr> iontu. Seo mar atá i LASID:

TÁBLA 8—LASID I–III, pointí 22–63, 87.

(i)	tr >> tφr	(ii)	tr ≈ tφr	(iii)	tφr >> tr			
<i>aill</i>	11	0	<i>stail</i>	7	11	<i>cráin</i>	13	1
<i>ginn</i>	15	2				<i>culaith</i>	8	1
<i>speal</i>	9	1				<i>léine</i>	22	1
<i>tonn</i>	13	3				<i>tine</i>	14	1


Cuirimís sonraí LASID i gcomparáid le Tábla 2 d'Iorras Aithneach. Freagraíonn na focail i dTábla 8 gan líne fúthu d'aicmí Iorras Aithneach. Ní fhreagraíonn na focail a bhfuil líne fúthu d'aicmí Iorras Aithneach cé nach n-aistríonn focal ar bith thar aon cholún amháin ó thábla go chéile. Tá <tr> níos coitianta le *stail*, *culaith* agus

⁴¹ LASID I: *aill* 267 (u. ált, ptí 51, 53–9 as an áireamh); LASID II–III: *cráin* 10, 110, 114; *culaith* 283; *ding*, *ginn* 536; *gleann* 1078 (gan aon sampla de -tracha(i)); *léine* 284–6; *speal* 589–92; *stail* 169; *tine* 540–50; *tonn* 1060–1.

léine, ach níos annaimhe le *ginn* agus *tonn* in Iorras Aithneach ná i LASID.

(VxV): Maidir le (VxV) agus (V:xi:) pléifear anois úsáid cainteora, **19B**, as an gceann eile de Ghaeltacht Chonamara, Doire an Locháin i gceantar na bhForbacha. Mar is léir ó ghraf **19B** tá <əxə> teagmhasach ach coitianta aige.

GRAF 25—(VxV) → <Vxə> de réir déanmhais (mhoirf-)(h)óineolaigh. **19B** Doire an Locháin.




Tá cuid mhaith de na coinníollacha céanna le feiceál ag fear *Dhoire an Locháin* agus atá in Iorras Aithneach ach tá ord inmheánach eile ag ceann de na coinníollacha, .i. an coinníoll carnach maidir le focail choimrithe, agus tá coinníollacha eile cothrom aige. Féach na comhthreomhaireachtaí agus na contrárthachtaí idir Graf 6 agus Graf 25 mar atá suimithe sna scálaí seo:⁴²

29C Mainis (V:xə) << \$1C # << \$1 + sínteach << coimrithe << \$2
19B Doire an Locháin coimrithe << (V:xə) << \$1C # << \$1 + sínteach, \$2

(V:xi:): Is cosúil úsáid (V:xi:) GCF le hIorras Aithneach maidir le tromú dearfach an mhalartaigh thosaigh de réir an ghraf *post hoc* thíos, (bunaithe ar GCF, le *-iochai* ann a chomhaireamh mar <iəxi: > amháin, *-úchai* mar <u:xi: > srl, agus ainmneacha briathar san áireamh).⁴³

GRAF 26—(V:xi:) i nGCF de réir cáilíocht an chonsain roimhe.



⁴² Tá *-acha* agus *-achai* coitianta in Ó Máille (1974), tá an dá mhalartach cloiste agam ag cainteoirí as Ros Muc. Cé na rialachtaí malartaíochta atá le grinníú ansin?


⁴³ Ní fhreagraíonn cóimheas samplaí GCF idir malartaigh chomhcháilíochta leis an ráiteas, GCF 47, 48 nótaí 2, gur 'coitianta *de bheagán*' (liomsa an cló iodálach) an malartach ard tosaigh agus cúil. Is dóigh gur tugadh an malartach ard sna samplaí i bhfad níos coitianta ná an malartach meáin ar an tuiscint gurbh fhéidir a réaladh go neamhard chomh maith, b'fhéidir freisin mar gheall gurb é an malartach ard is coimeádaí.

De réir LASID is ceantar láidir <u:xi:> oirthear agus lár Chonnacht. Tá roinnt tréithe tuaisceartacha níos fairsinge in oirthear Chonamara agus tréithe deisceartacha le fáil in iarthar Chonamara. Mar shampla tá fadú roimh chairn áirthid, aidiachtaí briathardha in <ə> agus foirmeacha táite sa tríú pearsa iolra den bhriathar níos coitianta thiar ná thoir.⁴⁴ Ós féidir a mhaíomh go logánta gur tréith dheisceartach <iəxi:> agus gur tréith thuaisceartach <u:xi:>, d'fhéadfaí a shamhlú go mbeadh <iəxi:> níos coitianta thiar agus <u:xi:> níos coitianta thoir. Is é sin le rá, i bhfráma tagartha céimseach cainníochtúil, go mbeadh toradh <u:xi:> ag dul i méid de réir mar a théann duine soir ó cheantar Iorras Aithneach go ceantar na bhForbacha. Tairngríonn an hipitéis seo go mbeidh dhá cheann na cointeanóide ina n-íomhá scáthánach ag a chéile maidir lena bpríomh-mhalartach.

Thiar: Iorras Aithneach → Cointeanóid → Thoir: Forbacha
 [<u:xi:> <o:xi:>] → [<u:xi:> <o:xi:>]
 [<iəxi:> <e:xi:>] → [<iəxi:> <e:xi:>]

Freagraíonn córas **19B** maidir le (V:xi:) don hipitéis seo.

GRAF 27—(V:xi:) de réir cáilíocht an chonsain roimhe. **19B** *Doire an Locháin*.



Tá pátrún aige nár facthas ag cainteoir ar bith in Iorras Aithneach. Cé go leanann sé don choinníoll cáilíochta docht go maith is é <u:xi:> an malartach is coitianta aige, agus ina dhiaidh sin <e:xi:>. Go cainníochtúil feidhmíonn <u:xi:> an fhear anoir mar <iəxi:>/<e:xi:> an fhear aniar. Is leis an gcoibhneas seo—malartach tosaigh << malartach cúil—go díreach a bheifí ag súil de réir na hipitéise cointeanóide a sonraíodh thuas. Leanann **19B** gar go maith gnáthphátrún Chonnacht (mar a léiríodh i nGraf 10). B'fhéidir gur cainteoir ionadaíoch dá cheantar é agus b'fhéidir nach ea. Ba mhór ab fhiú an hipitéis seo a thástáil don méid d'fhianaise chointeanóid Chonnacht a mhaireann. Ach faoi láthair léiríonn sonraí **19B** maidir le <u:xi:>, a bailíodh le ceistneoir nár thóg ach tuairim is uair an chloig le déanamh, léiríonn siad a chumhachtaí is atá an anailís seo. Is féidir difríochtaí canúna a bheachtú agus a shainmhíniú ar bhonn ord nó cóimheas nó luach éagsúil a bheith ag coinníoll malartaigh nó ag malartach ar leith. Sainmhínítear an difríocht canúna atá idir réalaiócha (V:xi:) de réir tromú suntasach cainníochtúil a bheith ag an malartach tosaigh (nó cúil). Cé go bhfuil Cois Fharraige i bhfad níos

⁴⁴ Tá a mhalairt fíor freisin, ar ndóigh, mar shampla béimniú deisceartach ar fhoirmeacha den fhorainm réamhfhoclach ag.

goire don cheantar thoir go tíreolaíochtúil is mó is cosúil le hIorras Aithneach é mar a chonacthas i nGraf 26 thuas. B'fhéidir mar sin go bhfuil iseaghluais (eile, féach, mar shampla, ICF, appendix II) i gceist anseo idir Conamara (thiar agus láir), ceantar ar malartach tosaigh is coitianta, agus bruach Loch Coirib agus oirthear na Gaillimhe, ceantar ar malartach cúil is coitianta.

Impleachtaí

Tá impleachtaí tábhachtacha ag an sochtheangeolaíocht theangeolaíochtúil do chanúineolaíocht na Gaeilge. Ar an lámh eile de is páirc fhíorshaibhir taighde an Ghaeilge don sochtheangeolaí i gcoitinne. Is minic iliomad sóinsealach moirfeolaíoch, mar atá againn sa Ghaeilge, gann go maith i dtaighde chainníochtúil. Ní móide anois béim a chur ar na himpleachtaí sofheicthe atá ann do mhodheolaíocht pháirce agus do thuirisciú canúna sa Ghaeilge.

(i) *Don mhodheolaíocht pháirce*: Maidir leis an modheolaíocht pháirce ní miste a luadh go dteastaíonn:

- (a) Eolas cruinn ar shocheolaíocht cainteoirí, an cainteoir ceann de bhunchlocha na hanailíse (Weinrich 1953, 1), ní 'ceantar', ná 'canúint' amháin.
- (b) Bailiú an eolais sin a bheith sprioctha: ceistneoirí dírithe ar ghnéithe speisialta, cleasanna le malartaigh áirithe a mhealladh as cainteoir (cf. Matsuda 1993, 7 agus tagairtí nóta 9). Ní leor feasta an breathnadóir céasta, an córas ceann de bhunchlocha na hanailíse.
- (c) Scéim eagraithe le hábhar a bhailiú agus a anailísiú ar bhonn leathan sochtheangeolaíochtúil agus tíreolaíochtúil, an pobal ceann eile de bhunchlocha na hanailíse.

(ii) *Don tuairisciú canúna*: Ba mhór an cúnamh do thaighdeoirí eile tuilleadh beachte go minic i dtuiriscí ar theangeolaíocht na Gaeilge, mar shampla:

- (a) maidir le haois, ceantar, (gréasán) srl cainteora;
- (b) i dtras-scríobh foghraíocht, mar shampla maidir le pausa agus béim, stadanna cainte srl.

Is é dúshlán an teangeolaí i gcoitinne ná gramadach teangan a shainmhíniú. Taobh istigh de theoric chainníochtúil is ea is fusa cuid thábhachtach den sainmhíniú sin a dhéanamh. San alt seo taispeánadh cé mar is féidir spás iltomhaiseach athraíoch iolra an ainmfhocail Ghaeilge a shainmhíniú do chainteoir, phobal, nó cheantar ar leith, nó do chainteoirí, phobail nó cheantair éagsúla.

TAGAIRTÍ

- BAUMGARTEN, R., 1974: 'Alf Sommerfelt's proposals for an Irish linguistic survey, 1941', *Studia Hibernica* 14, 123–39.
- BYNON, T., 1978: *Historical linguistics*. Cambridge.
- CHAMBERS, J. K. agus TRUDGILL, P., 1980: *Dialectology*. Cambridge.
- DE BHALDRAITHE, T., 1945: *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway*. Baile Átha Cliath.
- DE BHALDRAITHE, T., 1953: *Gaeilge Chois Fhairrge*. Baile Átha Cliath.
- DE BHALDRAITHE, T., 1970: 'Review of Mhac an Fhailigh (1968)', *Studia Celtica* 5, 163–5.
- DORIAN, N. C., 1973: 'Grammatical change in a dying dialect', *Language* 49, 413–38.
- DORIAN, N. C., 1994: 'Varieties of variation in a very small place: social homogeneity, prestige norms, and linguistic variation', *Language* 70, 631–96.
- DORIAN, N. C., 1996: 'Personal-pattern variation in East Sutherland Gaelic', *Scottish Gaelic Studies* 17, 103–13.
- GREENE, D., 1974: 'Distinctive plural forms in Old and Middle Irish', *Ériu* 25, 190–9.
- GREENE, D., 1978: 'The *é*-future in Modern Irish', *Ériu* 29, 58–63.
- GUY, G. R., 1980: 'Variation in the group and the individual: the case of final stop deletion,' in W. Labov (eag.), *Locating language in time and space*, 1–36. Nua Eabhrach.
- GUY, G. R., 1991: 'Explanation in variable phonology: an exponential model of morphological constraints', *Language Variation and Change* 3, 1–22.
- HICKEY, R., 1985: 'Reduction of allomorphy and the plural in Irish', *Ériu* 36, 143–62.
- JACKSON, K., 1976: 'Notes on the long-*é* future in Middle and Modern Irish', *Celtica* 11, 94–106.
- LABOV, W., 1972: *Sociolinguistic patterns*. Philadelphia.
- LABOV, W., 1994: *Principles of linguistic change, volume 1: Internal factors*. Oxford.
- LAVER, J., 1994: *Principles of phonetics*. Cambridge.
- LEWIS, W., 1984: 'The loss of reduplication in Middle Irish', *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 4, 121–40.
- MATSUDA, K., 1993: 'Dissecting analogical leveling quantitatively: the case of the innovative potential suffix in Tōkyō Japanese', *Language Variation and Change* 5, 1–34.
- MHAC AN FHAILIGH, E., 1947: 'Final *-a*, *-e*, in Erris Irish', *Éigse* 5, 253–5.
- MHAC AN FHAILIGH, E., 1968: *The Irish of Erris, Co. Mayo*. Baile Átha Cliath.
- MILROY, J. agus MILROY, L., 1985: 'Linguistic change, social network, and speaker innovation', *Journal of Linguistics* 21, 339–84.
- MILROY, L., 1987: *Language and social networks*. 2ú heagrán, Oxford.
- NÍ LAOIRE, S., 1988: 'Preliminaries to a study of register in Modern Irish', *Language, Culture and Curriculum* 1, 289–301.
- NILSEN, K., 1975: *The phonology and morphology of the Irish of Bun a'Cruc, Sraith Salach, Co. Galway*. Tráchtas PhD, Harvard University, Cambridge, MA.
- Ó BAOILL, D., 1996: *An teanga bheo: Gaeilge Uladh*. Baile Átha Cliath.
- Ó CUÍV, B., 1951: *Irish dialects and Irish speaking districts*. Baile Átha Cliath.

- Ó CURNÁIN, B., 1996: Aspects of the Irish of Iorras Aithneach, County Galway; Vols I–III. Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann.
- Ó DOCHARTAIGH, C., 1982: 'Generational differences in Donegal Irish', *Belfast Working Papers in Language and Linguistics* 6, 67–103.
- Ó DOCHARTAIGH, C., 1987: *Dialects of Ulster Irish*. Béal Feirste.
- Ó HUIGINN, R., 1994: 'Gaeilge Chonnacht', in K. R. McCone *et al.* (ed.), *Stair na Gaeilge*, 539–609.
- Ó MÁILLE, T. S., 1974: *Liosta focal as Ros Muc*. Baile Átha Cliath.
- Ó SÉ, D., 1991: 'Prosodic change in Manx and lexical diffusion', in Ureland agus Broderick (ed.), *Language contact in the British Isle*, 157–80.
- Ó SIADHAIL, M., 1989: *Modern Irish*. Cambridge.
- PETTY, K. M., 1980: *The study of dialect*. Londain.
- STOCKMAN, G., 1974: *The Irish of Achill, Co. Mayo*. Béal Feirste.
- TRUDGILL, P., 1974: *The social differentiation of English in Norwich*. Cambridge.
- TRUDGILL, P., 1983: *On Dialect*. Oxford.
- WAGNER, H., 1958–66: *Linguistic atlas and survey of Irish dialects, vol. I Maps, vol. II Munster* (1964), *vol. III Connaught* (1966). Baile Átha Cliath.
- WAGNER, H., 1982: 'Studies in the history of Gaelic dialects. Part I', *Zeitschrift für celtische Philologie* 39, 96–116.
- WEINRICH, U., 1953: *Languages in contact*. New York; reprint 1964, The Hague.
- WIGGER, A., 1970: *Nominalformen im Conamara-irischen*. Hamburg.
- WIGGER, A., 1973: 'Towards a generative phonology of the Modern Irish noun', *Linguistics* 109, 61–77.
- YAEGER-DROR, M., 1993: 'Linguistic analysis of dialect "correction" and its interaction with cognitive salience', *Language Variation and Change* 5, 189–224.